# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2006

Pensions
OMBUDSMAN
Fear an Phobail um Pinsin

# Ráiteas Misin

Fiosrúchán agus cinneadh a dhéanamh, ar mhodh neamhspleách agus neamhchlaonta, ar ghearáin agus ar dhíospóidí maidir le scéimeanna pinsean ceirde agus maidir le Cuntais Choigiltis Phearsanta Scoir (CCPSanna)

# Clár Ábhair

BROLLACH 3

CUID 1 –
RÉAMHRÁ 4

CUID 2 –
ACHOIMRE AR GHNÍOMHAÍOCHTAÍ i 2006 5

Bainistiú Cáis 5

Córais Bhainistiú Cáis 5

Cásanna a ndearnadh Cinneadh Deiridh nó a Réitíodh trí Eadarscáil 5

Eolas 6

Ráiteas Straitéise 6

Gníomhaíochtaí Bolscaireachta 6

Teagmháil le hEagraíochtaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta 6

Athruithe Reachtacha 7

Meamram Tuisceana 7

Rochtain agus Feasacht Phoiblí 7

Athnuachan na hOifige 8

Oiliúint agus Forbairt 8

Soláthar Foirne 8

CUID 3 – ACHOIMRE AGUS
STAITISTICÍ AR RIAR CÁSANNA 2006 9

Anailís ar Chásanna Dúnta 9

Cásanna Eadránaithe 9

Cinntí Deiridh 9

Téarmaí Tagartha Seachtracha (TTS) 9

Fáthanna Dúnta Éagsúla 10

Staitisticí Ginearálta 10

CUID 4 –
A BHFUIL FOGHLAMTHA AGAINN 12

Moill maidir le costas seirbhíse a chur in iúl 12

Cén fáth an mhoill? 12

Réiteach Díospóidí Inmheánacha – an tSeirbhís Phoiblí 13

Nuair nach ndéanann RDI an rud ar
chóir dó a dhéanamh… 14

Lucht Imirce 14

Cumarsáid 14

Pionóis mar gheall ar Sháruithe ar Acht na bPinsean 15

Pleananna Leanúnachais Ioncaim 16

Infheistíocht Chuí 16

Úsáid Chumhachta Lánroghnaí 16

Cumhacht Lánroghnach a Shrianadh 16

Foirceannadh 17

Dearadh Scéim Phinsin 17

– Sochair bhaoil mar thúsmhuirear 17

– Scéimeanna "Spriocshochair" 18

CUID 5 – CONCLÚID 19

CUID 6 – CUNTAIS AIRGEADAIS 20

AGUISÍNÍ 21

Aguisín 1 –
Oifig Fhear an Phobail um Pinsin – Soláthar Foirne 2006 22

Aguisín 2 –
Briseadh síos ar Ghearáin de réir Láithreach 23

Aguisín 3 –
Cineál na nGearán 2005 & 2006 24

Aguisín 4 –
Achoimre faoi Shreabhadh Airgid agus Anailís
ar Dhúnadh Comhaid 25

Aguisín 5 –
Líon na nGearán a Fuarthas de réir Míosa 2005 & 2006 26

Aguisín 6 –
Ráitis Airgeadais don bhliain a chríochnaigh
31 Nollaig 2006 27

Aguisín 7 –
Reachtaíocht Rialaithe 35

Aguisín 8 –
Foilseacháin na hOifige 36

# Brollach



A Aire,

Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2006 a chur i do láthair; seo é an tríú bliain iomlán i mbun feidhme d'Oifig Fhear an Phobail um Pinsin.

Tá obair na hOifige ag dul chun cinn ar bhonn leanúnach agus cuireadh níos mó cásanna nua ná riamh faoinár mbráid. Dúirt mé anuraidh gur chás liom an méid ama a thóg sé fiosrúcháin a chur i gcrích agus go dtiocfadh nach mbeadh an Oifig in ann rudaí tábhachtacha a dhéanamh dá mbeadh aon mhéadú ar riar cásanna. Is oth liom a rá go bhfuil an scéal imithe i ndonacht ó shin i leith. Chuaigh sé rite orm duine nua a earcú in áit dhuine de m'imscrúdaitheoirí a d'imigh i mí Mheán Fómhar agus de bhreis air sin bhí iomlaoid foirne i measc lucht riaracháin. Is cúis ríméid dom a bheith in ann a thuairisciú áfach go bhfuil an folúntas i leith phost an imscrúdaitheora tar éis bheith líonta. Gealladh acmhainní breise foirne le gairid freisin, rud a chuideoidh go mór lena chur ar chumas na hOifige déileáil leis an ualach méadaithe oibre agus le rudaí eile a rinneadh faillí orthu, faraor, go dtí seo.

Rinneadh roinnt achomharc don Ard-Chúirt i mbliana i gcoinne cinntí a rinne mé, rud a thabharfaidh leis cuid mhaith oibre breise ar ndóigh.

Beidh rud le rá agam níos deireanaí faoi fhoinsí na ngearán a fuaireamar agus faoi na ceachtanna is féidir a fhoghlaim uathu. Sa chásobair a rinneadh i mbliana tugadh chun suntais cúpla ceist a cuireadh faoi bhráid Bhord na bPinsean, nó faoi bhráid an Rialtóra Airgeadais cibé acu ba fhóirsteanaí. Is mian liom a chur ar taifead go bhfuil mé féin agus an fhoireann faoi chomaoin an chomhoibrithe idir muid agus an mBord, an Rialtóir agus Fear an Phobail um Sheirbhísí Airgeadais, arb é an cuspóir atá aige a chinntiú go bhfaighidh úsáideoirí seirbhísí airgeadais an tseirbhís is fearr is féidir a thabhairt dóibh.

I dteannta na tuarascála seo tá achoimre Cásanna foilsithe agam mar a rinne mé sna blianta roimhe seo. Tá súil agam go mbeidh sé ina chabhair dóibh siúd a bhíonn gafa le láimhseáil ghearáin chomh maith leo sin atá ag smaoineamh ar ghearán a dhéanamh agus iadsan a thugann comhairle dóibh. Mar a rinneadh cheana choinneofar siar ainmneacha na ngearánaithe agus na bhfreagróirí leis an bpríobháideachas a chosaint. Nuair is Údaráis Phoiblí a bhíonn i gceist ní féidir i gcónaí ainm freagróra a cheilt, de bhrí go bhféadfaidh sé bheith soiléir nuair a luaitear gairm bheatha an ghearánaí.

Is mian liom mo bhuíochas a glacadh leat, a Aire, as an tacaíocht a thug tú don Oifig seo. Cuirim luach go háirithe ar an gcúnamh agus ar an tacaíocht a thug foireann do Roinne dom – An tAonad Polasaí Pinsin, a mbím i dteagmháil leo ar bhonn leanúnach, agus na rannóga Pearsanra, Cuntais, Seirbhísí IS agus Bainistíocht Áiseanna chomh maith. Tá mé buíoch freisin as an gcúnamh a tugadh dom le linn na bhfiosrúchán, go háirithe an cúnamh a thug an Rannóg Scóipe agus na Seirbhísí Aitheantas Cliaint dom, ar tacaíocht é uile a tugadh le meon a n-urramaíonn go hiomlán neamhspleáchas na hOifige agam.

Arís caithfidh mé mo bhuíochas a ghlacadh le Bord na bPinsean as feabhas an chomhoibrithe, as a éasca is a bhí sé teacht ar na comhaid a fuaireamar uainn le linn na bhfiosrúcháin. Síníodh meamram Tuisceana leis an mBord i 2006 chun an ceann a bhí déanta leis an Rialtóir Airgeadais agus le Fear an Phobail na Seirbhísí Airgeadais cheana féin a chomhlánú. Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a gabháil leis an bhfoireann ag Oifig Fhear an Phobail, ag biúró Fhear an Phobail um Sheirbhísí Airgeadais agus ag an Rialtóir Airgeadais, toisc go mbíonn an trácht maidir le gearáin ag dul sa dá threo. Bímid uile ag iarraidh ceann scríbe a aimsiú le haghaidh gearán atá taobh amuigh dár ndlínse féin.

Mar fhocal scoir gabhaim buíochas leis na himscrúdaitheoirí, atá ann agus a bhí ann, nár chuir an easpa foirne agus an méadú ar an ualach oibre as dá ndíograis agus arb é an obair chrua a rinneadh siad agus a ndíocas i mbun na hoibre sin a choinnigh an Oifig seo ar siúl tráth ba dheacair na himthosca oibre.

Beir beannacht,



**Paul Kenny**

# Cuid 1 – Réamhrá

Is ceist ábhartha a bhfuiltear ag tabhairt níos mó aird uirthi le blianta beaga anuas soláthar pinsin dhóthanaigh don daonra i gcoitinne. De réir mar atá ionchas saoil ag dul i bhfaide tá sé ag éirí níos tábhachtaí go gcinnteofaí go mbeidh soláthar dóthanach pinsin acu. Is rud a thug Bord na bPinsean suntas dó le deireanas gur féidir le fear nó bean a éiríonn as nuair atá na 65 bliana slánaithe acu bheith ag súil leis go mairfidh siad go dtí go mbeidh 85 agus 88 mbliana slánaithe acu faoi seach. Mar sin is dóigh go mbeidh an tréimhse scoir ina cuid shuntasach de shaol na ndaoine. Is sa chomhthéacs sin go bhfuil sé den riachtanas go gcinnteoidh daoine go bhfuil a gcuid phinsean dóthanach chun riar ar a riachtanas ina seanaois. Tá sé chomh tábhachtach céanna áfach go mbeadh daoine sásta go bhfuil a gcuid phinsean á riar i gceart de réir rialacha na scéime agus de réir na ndlíthe pinsin go ginearálta. Sa chomhthéacs sin tá ról tábhachtach ag an Oifig agam chun an chinnteacht sin a chur ar fáil trí ghearáin maidir le míriarachán a fhiosrú agus trína chinntiú go gcuirtear cúiteamh dóthanach ar fáil nuair is gá. Tá ról atá chomh tábhachtach céanna ag an Oifig freisin maidir le suntas a thabhairt do cheisteanna atá tagtha chun cinn le linn gearáin a fhiosrú agus ar féidir go mbeidh feidhm ginearálta acu ar fud thionscal na bpinsean. Má tá an Rialtas ag dul a bhaint amach an sprioc ó thaobh soláthar árachas pinsin phríobháidigh de 70% tá sé den riachtanas go mbeidh muinín ag daoine as na scéimeanna pinsin a bhfuil siad ag cur a gcuid airgid isteach iontu.

Sa tuarascáil seo tá roinnt ceisteanna a tháinig anuas sa bhliain a ghabh tharainn a gcreidim go bhaineann tábhacht leo tugtha chun suntais agam.

I dtuarascáil na bliana atá caite b'amhlaidh go ndearna mé tagairt don mhoilleadóireacht a bhí ag tarlú maidir le heisiúint cinntí um Réiteach Díospóidí Inmheánacha (RDI). Is cúis sásaimh dom a rá gur tháinig athrú ar an reachtaíocht ó shin i leith a cheadaíonn dom an call atá le RDI a tharscaoileadh i gcúinsí iomchuí. Ar an drochuair níl sin infheidhme i dtaca le Scéimeanna Údaráis Phoiblí. Tháinig mé ar roinnt réimsí san earnáil phoiblí nach bhfuil cur i gcrích an phróisis RDI ag tarlú ar chor ar bith. Ba mhaith liom a chur in iúl arís gur cion coiriúil é faoi Acht na bPinsean gan an próiseas RDI a chur i gcrích laistigh de na teorainneacha ama atá leagtha síos agus b'fhéidir gur gá cúpla cás a thabhairt os comhair na cúirte faoin gceannteideal seo lena ndualgais a mheabhrú do dhaoine.

I dtuarascálacha a eisíodh roimh seo bhí mé ag tarraingt aird ar dhroch-chumarsáid laistigh de thionscal na turasóireachta. Ar an drochuair airím gur gá é sin a dhéanamh in athuair i mbliana. Is droch-chumarsáid agus ní haon rud eile é is cúis le líon suntasach gearán a fhaighim. Uaireanta tá an locht ar riarthóirí scéimeanna pinsin nach dtuigeann i gceart rialacha na scéime ná na ceangail dlí. Tharla an uile chineál aimhréidhe nuair nach raibh a fhios ag comhaltaí céard a bhí ag tarlú go dtí go raibh sé ródheireanach chun rudaí a chur ina gceart de bharr mainneachtana ráitis sochair bhliantúil a eisiúint i scéimeanna ranníocaíochta sainithe. Go háirithe i roinnt comhlachtaí san earnáil phoiblí ní léir go bhfuil modh sásúil ann chun cumarsáid a dhéanamh le comhaltaí go ginearálta. Is rud sin atá pléite agam i bhfad níos mine i gcorp na tuarascála.

Ceist eile a d'ardaigh mé i dtuarascálacha a chuaigh roimhe seo is ea an mhoill maidir le costas na mblianta seirbhíse a cheannach i scéimeanna na hearnála poiblí a chur in iúl do chomhaltaí. Thug mé an mhoilleadóireacht sin faoi deara den chéad uair i dtaca le breis blianta a cheannach ar bhonn deonach ach faoi láthair is mó a thagtar uirthi i dtaca le híoc as tréimhsí seirbhíse; is ináirithe na tréimhsí sin anois de bharr fheidhmiúchán na reachtaíochta ceart fostaíochta – go háirithe an tAcht Um Chosaint Fostaithe (Obair Páirtaimseartha) agus an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Socraithe) ar i dTreoracha an AE atá a mbunús acu araon. Ba é an éifeacht a bhí leis na píosaí reachtaíochta sin gur chuir siad faoi deara go raibh fostaíocht inphinsin ag fostaithe a bhí eisiata roimhe sin mar chuid den pholasaí poiblí. Níos faide ar aghaidh sa tuarascáil tá sé léirithe agam conas ba cheart déileáil, dar liom, le roinnt de na ceisteanna atá léirithe agus is cúis sásaimh dom a thuairisciú go ndearnadh leasúchán cuí ar ar a laghad scéim amháin chun déileáil leis an bhfadhb.

Sin cuid de na mórcheisteanna ar thug mé suntas dóibh i rith na bliana. Tá roinnt ceisteanna eile a tháinig chun cinn agus a bhfuil sonraí fúthu léirithe níos mine agam i gCuid 4. Ar ndóigh is é an ról atá agam gearáin a fhiosrú ach ar bhonn ginearálta ní mór dom a rá amach go láidir go bhfuil mé den tuairim go bhfuil tionscal na bpinsean in Éirinn rialaithe go maith agus eagraithe go maith agus gur féidir leis an bpobal bheith cinnte faoi go bhfuiltear ag tabhairt aire mhaith don sócmhainn is luachmhar atá ag cuid acu.

# Cuid 2 – Achoimre ar Ghníomhaíochtaí i 2006

## BAINISTIÚ CÁIS

Fuair an Oifig seo agam 439 gcás i 2006 agus dhéileáil sí le 3,088 bhfiosrú ar an bhfón. Is ardú de 13% agus 30% faoi seach é sin i gcomparáid leis an mbliain 2005. 'Réitíomar' nó dhúnamar 307 gcás i rith na mbliana. Níl mé sásta leis an bhfigiúir sin ar ísliú de 20% é i gcomórtas le líon na gcomhad a dhúnamar i 2005. Tá na fadhbanna a bhí againn le hacmhainní foirne na hOifige i 2005 luaite cheana féin sa tuarascáil seo. Ba é an éifeacht a bhí aige sin tríd is tríd nach raibh an láimhdeachas san Oifig chomh mór agus ba chóir dó a bheith dá mba rud é go raibh na hacmhainní fóirsteanacha ann chuige. Sa chomhthéacs sin is fianaise ar an obair chrua a rinne foireann na hoifige líon na gcásanna a réitíodh iarbhír i 2006.

Bhí 291 chomhad gearáin fós oscailte ag tús na bliana agus ag a deireadh bhí 423 idir lámha. Déantar mionanailís ar bhainistíocht riar cásanna agus cháis sa chéad Chuid eile den tuarascáil seo. Cé gur sách casta ó nádúr na cineálacha gearáin a mbímid ag déileáil leo, a gcaitear an-chuid ama leo ag malartú eolais agus ag soiléiriú doiciméadaithe, is cás liom go bhfuil an t-am a thógann sé chun gearán a phróiseáil ag méadú. Ar an meán tá an t-am próiseáilte dúbláilte i 2005 i gcomparáid le 2004 agus tá méadú suntasach tagtha air arís i 2006. Tá tagairt déanta agam cheana do na hathruithe foirne san Oifig i 2006. Ach d'ainneoin na hathruithe sin bhí sé ag éirí níos soiléire i 2006 nach raibh an líon foirne ar an leibhéal atá ceadaithe don oifig, sách mór chun déileáil leis an méadú ar líon na ngearán agus na nglaonna teileafóin a bhí ag teacht isteach. I dtaca leis sin chuir mé aighneacht chuig an Aire ag iarraidh go ndáilfí breis foirne ar an Oifig agus is cúis áthais dom anois a bheith in ann a rá go bhfuil sin ceadaithe. Tá sé beartaithe go ndáilfear imscrúdaitheoir breise maille le foireann tacaíochta bhreise ar an Oifig i 2007. Tá mé ag súil leis go gcuirfidh sin ar ár gcumas aghaidh a thabhairt ar an gcarn cáis atá ann agus go ndéanfaidh sé freastal freisin do phróiseáil níos sciobtha ar na gearáin atá faighte isteach.

## CÓRAIS BHAINISTIÚ CÁIS

Rinne mé tagairt sa tuarascáil bhliantúil anuraidh don ghá a bhí le córas bainistiú cáis a uathoibreodh táirgeadh staitisticí i dtimpeallacht fíorama agus a fheabhsódh inniúlacht bhainistíochta sinsearaí spriocanna agus táscairí feidhmiúcháin cáilíochta a leagan síos agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht de réir na spriocanna sin. Bhí mé ag súil le hIarratas ar Thairiscint a eisiúint le haghaidh an chórais seo i 2006 le súil is go mbeadh sé ag feidhmiú go luath i 2007. Siocair na deacrachtaí maidir le heaspa foirne dá bhfuil tagairt déanta cheana ní raibh sin indéanta. Ach is cúis áthais dom a thuairisciú go bhfuil an próiseas tairisceana tosaithe agus tá sé beartaithe an córas nua a bheith ann ag tús na bliana 2008.

## CÁSANNA A NDEARNADH CINNEADH DEIRIDH NÓ A RÉITÍODH TRÍ EADARSCÁIL

D'eisigh mé 61 Chinneadh Deiridh faoi Alt 139 d'Acht na bPinsean 1990 (arna leasú) i 2006. Díobh sin seasadh le 52% go hiomlán ná go páirteach agus diúltaíodh don 48% eile. Is rud suimiúil sin sa mhéid is gurb shin an chéad uair a seasadh le níos mó cásanna ná mar a diúltaíodh dóibh. Tá anailís níos mine déanta air sin i gCuid 3.

I rith na bliana réitíodh 117 gcás trí eadarscáil; i 75% díobh sin a réitíodh bhí an toradh fabhrach don ghearánaí. Is toradh níos fearr fós é sin ná toradh na bliana 2005 nuair a réitíodh 66% de chásanna le toradh a bhí fabhrach don ghearánaí. Tabhair toradh dearfach don ghearánaí ar na próiseas sin ó eadarscáil go Cinneadh Deiridh agus is féidir a áitiú gur fáth amháin atá leis na difríochtaí sin nach bhfuil sé ceadaithe dom athrú a ordú ar riail ná cumhacht lánroghnach na n-iontaobhaithe a shárú i gCinneadh Deiridh. Tá Cinneadh Deireadh ceangailteach freisin ar na páirtithe uile, faoi réir achomhairc don Ard-Chúirt, agus tá na dámhachtainí airgeadais is féidir liomsa a dhéanamh teoranta do chaillteanas sochar scéime .i. níl mé in ann an costas a thabhaítear le linn bheith ag troid an cháis, ná cúiteamh maidir le strus nó buairt aigne etc. a chur san áireamh. Ar an mhalairt ceadaíonn eadarscáil níos mó solúbthacht agus is minic a fhuasclaítear fadhb trí eadarscáil nárbh fhéidir a fhuascailt sa Chinneadh Deiridh.

Ghlac mé an seasamh go n-eiseoidh mé de ghnáth Réamhfhógra Cinnidh chun tosaigh ar Chinneadh Deiridh, ina mbeidh leagtha amach na príomhfhíricí de réir mar a

dheimhnítear iad le linn an fhiosrúcháin agus an cinneadh is dóigh a dhéanfaidh mé, bunaithe ar na fíricí sin. Cuireann sin an deis ar fáil don ghearánaí agus don fhreagróir gnéithe na tuarascála fiosrúcháin a shoiléiriú agus deis dóibh aon fhianaise nó tuairimí eile a chur i mo láthair sula ndéanfaidh mé an Cinneadh Deiridh. De ghnáth oibríonn an próiseas sin go maith ach cuireann sé go mór leis an tréimhse ama iomlán go dtí an Cinneadh Deiridh. Ach i gcásanna ina bhfuil fíricí an cháis soiléir agus go bhfuil mé den tuairim nach bhfuil aon chall le réamhchinneadh a eisiúint téim go díreach go dtí an Cinneadh Deiridh.

## EOLAS

Caitheann baill foirne na hOifige go leor ama ag tabhairt eolais do bhaill aonair den phobal. Cuireann daoine glaoch ar an oifig lena gcuid fadhbanna a phlé – fiú lena fháil amach an gearán dlisteanach atá acu, nó an mise an duine ar cheart an gearán atá aitheanta acu a chur chuige ar chor ar bith. Tá méadú mór tagtha ar líon na nglaonna, 3,088, ar phríomhuimhir na hOifige ón mbliain atá caite ar aghaidh .i. ardú de 30%.

## RÁITEAS STRAITÉISE

De réir Cuid XI, Alt 144(3) go (6) d'Acht na bPinsean 1990, (arna leasú), d'ullmhaigh mé agus chuir mé isteach chuig an Aire Ráiteas Straitéise don tréimhse 2007 go 2009. Tá leagtha amach ansin cuspóirí ginearálta na hOifige don trí bliana as seo amach.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ BOLSCAIREACHTA

I gcaitheamh na chéad trí bliana oibriúcháin tháinig fás suntasach gach bliain ar líon na ngearán foirmeálta agus na gceisteanna neamhfhoirmeálta a fuaireamar isteach. Tá fianaise ann áfach a thugann le tuiscint go bhfuil roinnt mhaith daoine a bhfuil fadhbanna pinsin acu a d'fhéadfadh fós bheith aineolach faoi go bhfuil an Oifig ann agus faoi na seirbhísí a chuirimid ar fáil. I rith na trí bliana atá caite níorbh fhéidir linn an oiread ama agus ba mhaith linn a chaitheamh ar ról na hOifige a chur chun cinn agus ar dhaoine a chur ar an eolas go bhfuilimid ann. An phríomhchúis a bhí leis sin, ar bhealach frithchosúil, ba ea an méadú ar líon na ngearán agus na bhfiosruithe a fuaireamar agus dá bharr sin, easpa ama chun an obair bholscaireachta a theastaíonn a dhéanamh. Thar thréimhse na trí bliana atá amach romhainn ní mór dúinn níos mó ama a chaitheamh ar ghníomhaíochtaí bolscaireachta sa chaoi is go mbeidh an fear agus an bhean ar an tsráid feasach faoi go bhfuilimid ann. Bímid ag déanamh sin cheana féin ar an suíomh idirlín www.pensionsombudsman.ie trí mhéid beag fógraíochta agus trí ailt a chur in fhoilseacháin phinsin éagsúla agus in irisí eile. Scríobhtar colún rialta don 'Irish Pensions News', iris Cumann Cistí Pinsin na hÉireann (CCPE). Cheannaíomar gnéfhógraíocht freisin le roinnt foilseachán chun an fheasacht phoiblí ghinearálta faoi ról agus faoi shainchúram na hOifige a fheabhsú. Tá sonraí maidir leis an Oifig cuimsithe i mBliainirisí na hInstitiúide Riaracháin Phoiblí agus CCPE agus ar phleanálaí balla Chumann Tomhaltóirí na hÉireann. Tugadh Cainteanna do chomhlachtaí gairmiúla agus ionadaíochta éagsúla lena n-áirítear an Cumann Árachais Saoil, Cumann Oifigigh Bhainc na hÉireann, Stiúrthóirí Oibrí ar Chomhlachtaí Státurrraithe, Comhchomhlachtaí na gCuntasóirí Cairte, agus Grúpa Sóisearach na gCuntasóirí Cairte. Ghlacamar páirt freisin i dtaispeántas na nDaoine os cionn 50 Bliain d'Aois san RDS i mBaile Átha Cliath.

Bhí imscrúdaitheoirí na hOifige ag cothú caidreamh ar bhonn leanúnach laistigh d'earnáil na bpinsean agus d'fhreastail siad ar líon cúrsaí oiliúna i rith na bliana arna chur ar fáil ag an tionscal. Measaim gur gníomhaíocht úsáideach é freastal ar na cúrsaí sin ní hamháin ó pheirspictíocht oiliúna agus bhainistíocht eolais ach mar mheán chun ról na hOifige a phoibliú.

Leis na hacmhainní breise foirne atá geallta don Oifig tá sé beartaithe níos mó ama a chaitheamh amach anseo ag cur ról na hOifige chun cinn.

## TEAGMHÁIL LE HEAGRAÍOCHTAÍ NÁISIÚNTA AGUS IDIRNÁISIÚNTA

Chomh maith leis na teagmhálacha atá luaite thuas bím i dteagmháil ar bhonn leanúnach i rith na bliana le hOifig Fhear an Phobail agus le Fear an Phobail um Sheirbhísí Airgeadais. Choinnigh an Oifig agam caidreamh le Stiúrthóireacht Tomhaltóra an Rialtóra Airgeadais agus leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Chuathas i mbun plé leis na Coimisinéirí Ioncaim, le Bord na bPinsean, le Fear an Phobail um Pinsin san RA (Ríocht Aontaithe), le Cumann Réamhscoir an RA agus leis an Instiitiúid Bhainistíocht Phinsin. I gcúrsa na bhfiosrúchán a rinneamar chuaigh an Oifig agam i mbun caidrimh leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus leis an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Ba mhaith liom a chur ar thaifead gur mór agam an comhoibriú leis na heagraíochtaí sin uile.

Coinníodh caidreamh freisin le roinnt Ceardchumann, le Gníomhaireacht Mhonatóireacht an Tionscail Tógála, agus le EPACE a dhéanann monatóireacht ar ghéilliúntas i leith an Chomhaontaithe Fostaíochta Cláraithe do Thionscal na Tógála chomh maith le Scéim Pinsin na nOibreoirí Tógála féin.

Is comhalta mé de Chumann Fhear an Phobail na Breataine agus na hÉireann (CFPBE), agus glacann baill na foirne seo agam páirt iomlán san obair a dhéanann sé agus suíonn siad ar na grúpaí sainleasa éagsúla a dhéileálann le gnéithe éagsúla d'obair Fhear an Phobail. Sílim gur acmhainn luachmhar i dtaca le hobair na hOifige seo an obair a dhéanann an Cumann sin. Ar na príomhaidhmeanna atá ag CFPBE tá ról agus teideal Fhear an Phobail a spreagadh, a fhorbairt agus a chumhdaigh; caighdeáin dea-chleachtais ar chóir d'Fhir an Phobail a chomhlíonadh agus iad ag feidhmiú a gcuid dualgas a fhoirmliú agus a chur chun cinn; cruinnithe, comhdhálacha agus seimineáir a thionól; eolas a fhoilsiú agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a fheabhsóidh tuiscint an phobail ar scéimeanna aitheanta Fhear an Phobail agus éifeachtacht agus éifeachtúlacht na scéimeanna sin a spreagadh.

## ATHRUITHE REACHTACHA

Rinneadh roinnt Athruithe Reachtacha i rith na bliana a rinne difear don Oifig seo. Rinneadh leasú ar Alt 131 d'Acht na bPinsean lena chur ar mo chumas seachbhealach a dhéanamh timpeall an nós imeachta um Réiteach Díospóidí Inmheánacha nuair is léir nach bhfuil tada le gnóthú tríd an bpróiseas. Níl feidhm aige sin i dtaca le scéimeanna reachtúla nó le scéimeanna údaráis phoiblí. De bhreis air sin tá sé d'fhoráil anois go measfar an measúnú RDI a bheith ídithe de réir a théarmaí tagartha féin más rud é nach bhfuil sé curtha i gcrích laistigh den tréimhse reachtúla de thrí mhí, nó de cibé tréimhse níos faide ná sin a mheasfaidh mé a bheith iomchuí.

Foráiltear in Alt 3 den Acht má sháraíonn duine aon fhoráil den Acht, nó Rialacháin arna ndéanamh faoin Acht go mbeidh sé/sí ciontach i gcion agus gur féidir le Bord na bPinsean imeachtaí cúirte mar gheall ar chion achomair a thionscnamh agus an duine sin a ionchúiseamh. Foráiltear san alt 3A nua do "córas íoc agus leigheas" mar mhalairt ar ionchúiseamh nuair a chreideann Bord na bPinsean go bhfuil cion faoin Acht déanta ag duine atá faoi réir ionchúiseamh achomair. Níl sonraí an bhirt sin tugtha chun críche fós.

Sna bearta sin forálfar do mhéadú ar an solúbthacht i ndáil le gearáin a fhiosrú agus cinnte a dhéanamh de go mbíonn leighis chuí curtha chun feidhme ar mhodh tráthúil.

De bharr athrú reachtach a rinneadh le gairid tá an dlínse agam leathnaithe sa chaoi is go gcuimsíonn sí Conartha Aoisliúntais Scoir atá coinnithe faoi iontaobhas, i gcásanna nach polasaithe árachais go heisiach na hionstraim reachtúla ina bhfuil a leithéidí de shócmhainní infheistithe.

## MEAMRAM TUISCEANA




I gcaitheamh na bliana síníodh Meamram Tuisceana le Bord na bPinsean arbh é an cuspóir a bhí leis na freagrachtaí ó thaobh maoirseachta atá ar an mBoird agus ar Fhear an Phobail faoi seach a leagan amach sa chaoi is gur féidir le foireann an Bhoird cinneadh a dhéanamh cé acu a thagann an ábhar a bhfuiltear ag fiosrú ó cheart faoi shainchúram Fhear an Phobail nó droim ar ais. Tá leagtha amach ann freisin na socruithe maidir le comhoibriú agus malartú eolais taobh istigh de theorainneacha reachtúla idir na Páirtithe. Comhlánfaidh sin an meamram atá ann cheana féin leis an Rialtóir Airgeadais agus le Fear an Phobail um Sheirbhísí Airgeadais.

I mí Iúil 2006 síníodh Meamram Tuisceana le Fear an Phobail um Pinsin na RA, maidir le cóir na ngearán agus na ndíospóidí a bhaineann leis an Scéim Pinsin do na Comhlachtaí Thuaidh Theas arna mbunú faoi Chomhaontas Aoine an Chéasta. Níor mhór sin a dhéanamh de bhrí go bhfuil an scéim comhdhéanta ó thaobh dlí ar an dá thaobh den Teorainn.

## ROCHTAIN AGUS FEASACHT PHOIBLÍ

Déanann an Oifig gach iarracht lena chinntiú go mbeidh fáil ar a seirbhísí an oiread agus is féidir. I rith na bliana choimisiúnaigh Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) iniúchadh rochtana ar an bhfoirgneamh. Bhí sá foilsithe i dtuarascáil a tháinig in a dhiaidh sin go dteastódh athnuachan mór chun an foirgneamh a dhéanamh go hiomlán inrochtana agus tá OOP ag breithniú

na moltaí maidir leis na hoibríochtaí sin. San idirlinn beidh sé de pholasaí againn ar bhonn leanúnach socruithe a dhéanamh chun cuairt a thabhairt ar ghearánaithe ag láthair fheiliúnach mhalartach, lena n-áirítear a dteach féin, má bhíonn fadhbanna rochtana faoi leith acu maidir leis an Oifig seo agam.

## ATHNUACHAN NA HOIFIGE

I rith na bliana rinneadh obair athchóirithe ar urlár na sráide sa suíomh a bhfuilimid lonnaithe faoi láthair ag 36 Sráid an Mhóta Uachtarach ar a n-áirítear soláthar limistéar fáilte agus athlonnú limistéar na foirne riaracháin go dtí urlár na sráide.

## OILIÚINT AGUS FORBAIRT

Bhí an próiseas oiliúna agus forbartha pearsanta le haghaidh na foirne uile ag leanúint ar aghaidh i 2006. Áirítear air sin oiliúint theicniúil i réimsí a bhaineann le pinsean, teagasc i réimsí difriúla de theicneolaíocht an eolais agus cúrsaí oiliúna eile a bhí sainithe mar chuid de rannpháirteachas gach duine sa Chóras Forbartha Bainistíocht Feidhmíochta.

## SOLÁTHAR FOIRNE

Nuair a bunaíodh an Oifig i 2003 aontaíodh an líon foirne a leanas leis an Roinn Airgeadais: Ceann Fiosrúchán le grád Príomhoifigigh, trí imscrúdaitheoir le grád Príomhoifigeach Cúnta, bainisteoir oifige le grád Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin agus dhá bhall foirne riaracháin le grád Oifigigh Cléirigh. Glacadh leis ag an am sin go raibh sé deacair meastachán beacht a dhéanamh faoi mhéid na ngearán a mbeadh ar an Oifig déileáil leo agus sa chomhthéacs sin aontaíodh nár mhór athbhreithniú a dhéanamh ar líon an tsoláthair fhoirne le haghaidh na hOifige i bhfianaise an chleachtaidh. Cé gur ceapadh mé in Aibreán 2003 ní bhfuair mé an soláthar foirne a bhí aontaithe go dtí Meán Fómhair 2004. Ní fada áfach gur léir nár leor san fhadtéarma an soláthar foirne a bhí aontaithe chun déileáil leis an méadú ar líon na ngearán agus na bhfiosruithe a bhí an Oifig ag fáil. De bhreis ar an bhfadhb sin d'fhág beirt ón fhoireann bhunaidh an Oifig ar chúiseanna éagsúla i 2006. D'fhág duine de na trí imscrúdaitheoir an Oifig i Meán Fómhair 2006 agus níor chuireadh duine ina áit go dtí Meitheamh 2007. Bhí duine de na hOifigigh Chléireacha ar fhíorbheagán taithí ar dhéileáil le ceisteanna ar an bhfón agus d'fhág an duine sin an Oifig freisin i 2006. Ainneoin gur tháinig daoine eile isteach in áit na beirte sin ba chaillteanas suntasach ó thaobh eolas agus taithí corparáideach don Oifig é.

Rinneadh an tAonad Bainistíochta den Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh aithbhreithniú neamhspleách ar riachtanais na hOifige agus cinneadh gur theastaigh breis foirne. Ó shin i leith rinne mé cás maidir le leithdháileadh foirne breise agus chuir chuig an Roinn é agus is cúis áthais dom bheith in ann a rá gur aontaíodh i bprionsabal go ndáilfear imscrúdaitheoir AP breise maille le Príomhoifigeach Feidhmiúcháin go gairid amach anseo. Cuideoidh sin go mór lena chur ar chumas na hOifige déileáil leis an ualach méadaithe oibre ar mhodh tráthúil.

# Cuid 3 – Achoimre agus Staitisticí ar Riar Cásanna 2006

Arís i mbliana bhí méadú suntasach ar ualach oibre na hOifige.

Tugadh 291 chás ar aghaidh ó 2005 agus fuarthas 439 ngearán nua i 2006; b'shin 730 gearán sa bhliain ina iomláine. Dúnadh 307 díobh sin i rith na bliana, rud a d'fhág go raibh 423 chás idir lámha ag deireadh na bliana. (Breathnaigh Léiriú 3.4)

Tháinig laghdú suntasach ar líon na gcásanna a dúnadh i rith na bliana i gcomparáid le figiúr na bliana seo caite nuair a dúnadh 385 chás, arb é an ganntanas foirne atá luaite níos luaithe sa tuarascáil seo ba mhó ba chúis leis.

## ANAILÍS AR CHÁSANNA DÚNTA

### Cásanna Eadránaithe

Is cúis áthas dom a rá gur réitíodh 117 gcás i rith na bliana trí eadarscáil a dhéanamh. In 88 gcás díobh sin .i. 29% de na 307 gcás a dúnadh i rith na bliana bhí an gearánaí sásta leis an réiteach agus níor ghá dul ar iontaoibh fiosrúcháin iomláin agus an trioblóid a ghabhfadh leis. Tá sé sin ábhairín níos mó ná figiúr na bliana seo caite de 25%. Má amharctar ar chás i dtéarmaí an méid ama a thógann sé é a phróiseáil ón uair a fhaightear an gearán isteach go dtí an dúnadh mar shampla is léir na buntáistí a bhaineann le cásanna is féidir a réiteach trí phróiseas eadránaithe i gcomparáid leo sin ar gá dul i mbun fiosrúcháin iomláin leo. Ba é 33 seachtaine an achar ama a thóg sé teacht ar réiteach sásúil trí eadarscáil i gcomparáid le 64 seachtaine ar an meán go dtí gur eisíodh Cinneadh Deiridh inar seasadh leis an ngearán.

Sna 29 gcás eile a réitíodh i ndiaidh don Oifig agam dul i mbun eadarscála níor rinneadh athrú ábhartha ar chúinsí an ghearánaí nó níor réitíodh an cheist ina f(h)abhar.

### Cinntí Deiridh

Rinneadh Cinneadh Deiridh faoi Alt 139 d'Acht na bPinsin i 61 (21%) de chásanna dúnta. Díobh sin seasadh le 32 ghearán agus diúltaíodh do 29.

Nuair is léir i gcás gearán a iniúchadh nach féidir an cheist a réiteach trí eadarscáil cuirtear in iúl don ghearánaí go bhfuiltear ag dul a tionscnamh fiosrúchán foirmeálta arb é an toradh a bheidh air go n-eiseofar Cinneadh Deiridh. Léiríonn na staitisticí atá againn gurbh é 57 seachtaine an meán-achar ama a thóg sé i 2006 chun cás a phróiseáil ón uair a tionscnaíodh fiosrúchán foirmeálta go dtí gur eisíodh Cinneadh Deiridh, i gcomparáid le 33 seachtaine i 2005. Ní mór dom a aibhsiú áfach gur táscaire den meán-achar atá ansin toisc go mbraitheann an t-achar ama a thógann sé ní hamháin ar chastacht an cháis ach ar chomhoibriú pháirtithe uile an ghearáin freisin i dtaca le heolas arna iarraidh a chur ar fáil go tráthúil, m.sh. ba é 136 seachtaine an uasmhéid ama a thóg sé chun cás a phróiseáil ó fhiosrúchán foirmeálta go Cinneadh Deiridh agus ba é seachtain amháin an íosmhéid.

I gcásanna a gcuirtear fiosrúchán foirmeálta ar bun eisím go ginearálta réamhbhreathnú do pháirtithe uile an ghearáin sula n-eisím an Cinneadh Deiridh. Sa réamhbhreathnú leagtar amach fíricí ábharacha an cháis agus tugtar barúil faoin chinneadh a dhéanfar sa Chinneadh Deiridh. Is é an cuspóir atá le réamhbhreathnú a eisiúint go dtugtar deis freagartha do pháirtithe uile an ghearáin laistigh d'achar sonraithe chun breis fhianaise ar féidir nár cuireadh san áireamh í san fhiosrúchán bunaidh a thabhairt ar airde, fianaise a chuirfidh mé san áireamh ansin sa chinneadh deiridh. Cé go gcuireann sin faoi deara go maireann an fiosrúchán níos faide creidim go bhfuil sé tairbhiúil agus go rannchuidíonn sé le réiteach a aimsiú a thabharfaidh cothrom na Féinne do gach duine lena mbaineann. Ach i gcásanna ina bhfuil fíricí an cháis soiléir agus go bhfuil mé den tuairim nach bhfuil aon chall le réamhchinneadh a eisiúint téim go díreach go dtí an Cinneadh Deiridh.

### Téarmaí Tagartha Seachtracha (TTS)

Cinneadh go raibh 56 chás dúnta (18%) taobh amuigh de théarmaí tagartha na hOifige agam ar chúiseanna éagsúla, mar shampla tháinig 24 chás faoi shainchúram Fhear an Phobail, Rialtóir nó eagras eile, lena n-áirítear gearáin maidir le Pinsin Stáit, agus cinneadh go rabhthas taobh amuigh de na teorainneacha ama ar féidir leis an Oifig agam gearáin a fhiosrú i 16 chás. Bhí na 16 chás eile taobh amuigh de théarmaí tagartha na hOifige agam ar chúiseanna éagsúla.

## Fáthanna Dúnta Éagsúla

Dúnadh seasca a dó chás (20%) i ndiaidh comhairle ghinearálta a chur ar fáil a bhí dóthanach chun fiosrú an ghearánaí a fhreagairt. Is ardú suntasach sin i gcomparáid le figiúr na bliana a ghabh tharainn .i. 19 (5%), rud a chuireann in iúl ní hamháin go bhfuil an pobal ag éirí níos feasaí faoi chomh tábhachtach is atá sé go mbeadh tuiscint acu ar a dteidlíocht phinsin agus go dtiocfadh siad roimh aon fhadhb a eascródh feasta a mbeadh súil acu léi, ach go bhfuil siad níos feasaí freisin faoi fheidhm na hOifige agus faoin tseirbhís is féidir léi a chur ar fáil.


Ní féidir leis an Oifig agam – le heisceachtaí áirithe – gearán nó díospóid a fhiosrú go dtí go mbeidh an t-ábhar curtha faoi nós imeachta Réiteach Díospóidí Inmheánacha (RDI). Dúnadh (3%) de chásanna mar gheall air nach ndeachthas ar aghaidh leis an ngearán i ndiaidh comhairle bheith tugtha don ghearánaí a dhul faoin nós imeachta RDI agus dúnadh cás breise amháin toisc gur chuir an gearánaí in iúl nár mhian leis dul ar aghaidh leis an ngearán.

## STAITISTICÍ GINEARÁLTA

I 2006 tháinig 74% de ghearáin ó fhearaibh agus 26% ó mhná. Ba iad 79% agus 21% na figiúirí comhfhreagracha i 2005. Tá an méadú beag ar ghearáin ó mhná ag teacht leis an méadú ar an méid ban le clúdach árachas pinsin san fhórsa oibre .i. 46% i 2005 ag ardú go hábhairín beag os cionn 50% i 2006. Ba léiriú breise ar an méadú suime atá ag mná ina gcearta pinsin an ráiteas a d'eisigh urlabhraí ó Bhord na bPinsean ag seimineár a raibh Bord na bPinsean agus Comhairle Náisiúnta na mBan in Éirinn ina n-óstaigh air, 'Is é an rud is mó a thugann ugach dúinn go bhfuil tuilleadh agus níos mó de na mná ag dul i dteagmháil linn chun a gcuid roghanna pinsin a phlé'…lean an urlabhraí leis le fainic …i gcomparáid lena gcomhghleacaithe fir tá clúdach árachas pinsin níos lú ag mná i gcónaí, 50.6% le hais 58.3% i gcás na bhfear. De bhreis air sin, …is iad na mná a thógann amach ceann as gach trí CCPSanna (Cuntas Coigiltis Pearsanta Scoir).'

Rangaithe de réir cineál pinsin is é an briseadh síos ar na gearáin a fuarthas i 2006 – scéimeanna ceirde pinsin príobháideacha 67%, scéimeanna poiblí pinsin 31% agus gearáin a bhain le Cuntais Choigiltis Pearsanta Scoir (CCPSanna) 2%.

## FIGIÚR 3.1 – CLABHSÚIR CHOMHAID TRÍ CHÚIS I 2006




**Nóta:**


RDI – Réiteach Díospóidí Inmheánacha

TTS – Téarmaí Tagartha Seachtracha


Eadarscáil neamhrathúil – Níor thángthas ar réiteach a raibh an gearánaí sásta leis maidir leis an cheist bhunaidh a d'ardaigh sé/sí.

Eadarscáil rathúil – Thángthas ar réiteach a raibh an gearánaí sásta leis maidir leis an gceist bhunaidh a d'ardaigh sé/sí


## FIGIÚR 3.2 – GEARÁIN A FUARTHAS Ó FHIR AGUS Ó MHNÁ I 2006




## FIGIÚR 3.3 – GEARÁIN TRÍ CHINEÁL SCÉIME I 2006




## LÉIRIÚ 3.4 – ACHOIMRE AR SHREABHADH OIBRE 2006



# Cuid 4 – A bhfuil Foghlamtha againn

Mar is gnáth rinne mé iarracht a fhoghlaim ó na gearáin éagsúla a tháinig chuig an Oifig agam i rith na bliana agus cuirim an tuarascáil seo ar fáil le súil is go gcabhróidh sí leo siúd atá ag riar na scéimeanna chun cuid de na gaistí riaracháin atá léirithe sna gearáin sin a sheachaint.

## MOILL MAIDIR LE COSTAS SEIRBHÍSE A CHUR IN IÚL

Téama a tháinig chun cinn arís is arís i mbliana is ea an mhoill maidir le costas blianta seirbhíse a cheannach i scéimeanna na hEarnála Poiblí a chur in iúl do chomhaltaí. Thug mé an mhoill sin faoi deara a chéaduair i dtaca le breis bhlianta a cheannach ar bhonn deonach. Is mó a bhaineann an mhoilleadóireacht anois leis an gcostas atá ag roinnt le híocaíocht tréimhsí seirbhíse, tréimhsí atá éirithe ináirithe de bharr fheidhmiúchán na reachtaíochta cearta fostaíochta – go háirithe an tAcht Um Chosaint Fostaithe (Obair Páirtaimseartha) agus an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Théarma Socraithe) ar i dTreoracha an AE atá a mbunús acu araon. Ba é an éifeacht a bhí leis na píosaí reachtaíochta sin gur chuir siad faoi deara go raibh fostaíocht inphinsin ag fostaithe a bhí eisiata roimhe sin, nó a raibh tréimhsí seirbhíse acu a bhí neamh-inphinsin, mar chuid den pholasaí poiblí. Go ginearálta ba iad na hiócóirí Rang A ÁSPC a ndeachaigh siad i gcion orthu .i. daoine a chuaigh i mbun seirbhís lánaimseartha i ndiaidh 5 Aibreán 1995.

I bhformhór de scéimeanna na hearnála poiblí áfach chiallaigh sin freisin nár mhór seirbhís a rinne an fostaí roimhe sin agus nach raibh ináirithe chun chríche pinsin a ríomh anois agus nár mhór don chomhalta lena mbaineann riaráistí iomchuí na ranníocaíochtaí a íoc.

I roinnt cásanna bhí sé de cheangal de réir rialacha na scéimeanna go ríomhfaí na ranníocaíochtaí lena mbaineann a luaithe a dtosófaí ag íoc na ranníocaíochtaí féin. Níl fadhb leis sin má thosaíonn an íocaíocht go pras. Má bhíonn moill ar feadh roinnt blianta i gceist áfach agus mura gcuirtear a ndliteanas maidir le híocaíochtaí in iúl do chomhaltaí, imíonn an córas ó smacht go han-sciobtha. Iarrtar ar an gcomhalta na ranníocaíochtaí a bhunú ar thuarastal ag dáta reatha – ar a laghad roinnt pointí thuas scála incriminteach nó, níos measa fós, i ndiaidh ardú céime nó athghrádaithe. Cuireann sin méadú substainteach ar an gcostas ar an gcomhalta an tseirbhís atá imithe thart a cheannach agus is féidir leis na difríochtaí bheith an-mhór i roinnt cásanna – mar shampla nuair a bhíonn an fostaí gar d'aois an phinsin.

I gcásanna ar léir go raibh an mhoill inchurtha i leith an fhostaitheora, rialaigh mé go gcaithfidh an ranníocaíocht a bheadh le híoc ag an gcomhalta ríofa ar bhun dáta a bheadh réasúnta gar don dáta a thosaigh an tseirbhís bheith inphinsin. Rinne mé sin i ndiaidh mholadh Fhear an Phobail, Emily O'Reilly; rinne sise athbhreithniú ar roinnt cásanna dá leithéid ón ngné cleachtas riaracháin den scéal. Mhol sí go ndéanfaí an ríomh ag pointe nach déanaí ná trí mhí i ndiaidh an dáta ábhartha. Bhí mé sásta aontú leis sin. Ciallaíonn sé gur faoin bhfostaitheoir a bheidh sé an difríocht idir na ranníocaíochtaí a íoctar ar bhonn "reatha" agus na ranníocaíochtaí atá ríofa i gceart a íoc – gurb é an Stát a íocfaidh iarbhír.

Murar féidir ríomh beacht a dhéanamh laistigh den teorainn ama sin mhol mé go mbainfí úsáid as "an meastachán is fearr" agus go bhféadfaí an figiúr sin a shonrú níos beaichte nuair a bheadh eolas níos cruinne ar fáil Glacaim le dearcadh an Roinn Airgeadais agus an Roinn Comhshaoil Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil áfach go mbainfeadh fadhbanna dá chuid féin le cleachtas dá leithéid.

Is cúis áthais dom a rá áfach go bhfuiltear ag leasú rialacha Scéim Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil chun déileáil leis an bhfadhb. Tabharfar orduithe d'údaráis áitiúla athbhreithniú a dhéanamh ar chásanna a chuaigh roimhe seo agus ró-íocaíochtaí a aisíoc i gcásanna áirithe. **Tá súil agam go ndéanfaidh aon scéim eile a ghlac a mhacasamhail de chleachtais san am atá caite an rud céanna.**

## CÉN FÁTH AN MHOILL?

Ba léir ón bhfiosrúchán a rinneadh ar na cásanna sin gurbh é an ganntanas foirne sna haonaid aoisliúntais ba mhó ba chúis leis an moill a ndliteanas i leith ranníocaíochtaí san am atá caite a chur in iúl do dhaoine Is minice i bhfad a fhágtar cúrsaí aoisliúntais faoi Bhainisteorí Acmhainní Daonna a bhfuil brú oibre orthu agus nach bhfuil in ann a gcuid aonad a thabhairt suas go dtí leibhéal fóirsteanach maidir le soláthar foirne, ná oifigigh leis an sinsearacht chuí a earcú mar cheannairí orthu, a seiftiúlacht féin a chur chun feidhme. Níor cuireadh san

áireamh tionchar na n-athruithe ar an dlí fostaíochta ar theideal chuig aoisliúntas thíos an bhóthair. Níor chóir go mbeadh sé amhlaidh. Is rud bunúsach aoisliúntas do chonarthaí fostaíochta oibrithe sa tseirbhís poiblí agus níor cheart chaitheamh leis mar rud nach móide a luadh. Tagann easord, frustrachas agus fearg ar dhaoine má mhainnítear scéim a riar mar is cóir agus d'fhéadfadh sin bheith ina thoisc a ísleoidh meanma foirne. Ní thugtar aire don "chustaiméir" inmheánach agus ní róshásta a bhíonn sé/sí dá bharr agus an ceart aige/aici.

Seachas an toisc sin léirigh na fiosrúcháin go ndearnadh ríomh agus seiceáil a chuaigh thar fóir ag iarraidh a chinntiú gur cuireadh an méid cruinn de laethanta seirbhíse roimh ré (lúide laethanta ar stailc más cuí) san áireamh agus do shochar go minic trí thagairt a dhéanamh do thaifid a bhféadfaí bheith amhrasach faoina bhfoirfeachta. I roinnt cásanna tá na taifid imithe ar fad (ar ndóigh roimhe seo ní raibh aon ghá iad a choinneáil).

Cuireann sin uile leis an obair agus méadaíonn an mhoill. Ní mé céard is fiú cuimse mhór airgid a chaitheamh ar acmhainní leis an gcineál mionseiceáil a dhéanamh a fheicimid go ndéantar in amanna. Té mé lántuisceannach faoin ngá atá ann leasanna an cháiníocóra a chosaint ach níl mé cinnte gurb shin an tslí is fearr chun iad a chosaint, mar shampla, luach míle Euro d'am duine éigin a chaitheamh lena chinntiú nach bhfaigheann duine éigin eile deich Euro breise de phinsean thar mar a bhfuil sé ina dteideal de réir a thréimhse seirbhíse arna ríomh i laethanta agus i míonna.

Is cúis áthais dom a rá go bhfuil bainisteoirí ann i réimsí áirithe a ghlacann an cur chuige pragmatach agus a thugann sochar an amhrais do na comhaltaí nuair atá amhras ann. Is polasaí é sin a mhúnlaíonn go ginearálta cur chuige Scéim Aoisliúntais an Rialtais Áitiúil ar an leibhéal lárnach. Ach fós féin tá an iomarca oifigeach arb amhlaidh nach bhfuil siad in ann gníomhú go dtí go mbíonn gach uile rud dá lú tábhacht saibhseáilte amach acu agus suaite – rud nach ndéanann ach dochar do na hoibrithe eile.

## RÉITEACH DÍOSPÓIDÍ INMHEÁNACHA – AN TSEIRBHÍS PHOIBLÍ

Is cúis áthais dom a rá gur ghlac an tAire leis an iarratas a rinne mé anuraidh, chun lánrogha a thabhairt dom an ceangal i leith réiteach díospóidí inmheánacha (RDI) a tharscaoileadh in imthosca iomchuí. Ní chuimsíonn sin na scéimeanna Údaráis Phoiblí a ndéantar achomharc don Aire ábhartha, b'fhéidir freisin le comhaontú an Aire Airgeadais. D'fhoráil sé freisin gur féidir an próiseas DRI a mheas mar spíonta más rud é nach bhfuil sé curtha i gcrích laistigh den tréimhse reachtúla de thrí mhí, nó cibé tréimhse níos faide ná sin a mheasfadh mé a bheith iomchuí.

Tá úsáid teoranta bainte agam as na lamhháltais sin i gcúinsí a meas mé é bheith ceart é sin an dhéanamh. Ach ba mhian liom go mbeadh sé de cheart agam an próiseas a tharscaoileadh i dtaca le scéimeanna údaráis phoiblí áirithe! Tá ceangal reachtúil ann an próiseas achomhairc a thabhairt chun críche laistigh de thrí mhí ón dáta a bhfuil dóthain eolais ann chun an gearán a bhreithniú ach is léir nach bhfuil sin tuigthe ag roinnt Ranna Rialtais agus go háirithe ag Gníomhaireachtaí áirithe.

Tá réimsí ann nach bhfuiltear ag tabhairt rudaí chun críche go tráthúil. Tabhair poll dubh ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta mar shampla chomh fada is a bhaineann sé le hachomhairc don Aire. Ach ní hí an t-aon dream amháin atá mar sin. Tá mé ag breathnú agus mé ag scríobh, ar cháipéis ar *Dréachtchinneadh* atá ann i ndáiríre ón Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a scríobhadh ábhairín níos lú ná **9 mí** ó dháta litir an ghearánaí. Níl sé fiú ina Chinneadh deiridh –tá leagtha amach ann seasamh an Aire agus tá sé ag tabhairt deis don ghearánaí leasuithe a mholadh – tá sé beartaithe ina dhiaidh sin an rud go léir a sheoladh chuig an Aire Airgeadais – laistigh de cheithre seachtaine! Deirtear go ndéantar sin "chun próiseas cuí a cheadú". De réir *próiseas cuí* ceanglaítear go mbeidh an Cinneadh deiridh déanta na míosa roimh ré.

Ní shílim fiú go mbeinnse in ann ionchúiseamh rathúil a thionscnamh i gcoinne an Aire mar gheall ar bhac a chur ar fhiosrúchán – **níl** aon fhiosrúchán ann toisc go gciallaíonn an mhainneachtain RDI a thabhairt chun críche nach raibh mé in ann ceann a thionscnamh. Tabhair deargshoiniciúlacht ar a leithéid d'iompar nó dearg-mhí-éifeachtacht. Níl ceachtar acu inghlactha. Is cion coiriúil é faoi Acht na bPinsean freisin mainneachtain an próiseas RDI a chur i gcrích laistigh de na teorainneacha ama atá leagtha síos agus b'fhéidir gur gá cúpla cás a thabhairt os comhair na cúirte faoin gceannteideal seo lena ndualgais a mheabhrú do dhaoine. Rud ba dhóigh a éascódh sin dá mbeadh sainmhíniú follasach ann faoi "bac ar fhiosrúchán" le mainneachtain an próiseas RDI a chur i gcrích in am a chuimsiú.

Ba chóir foláireamh a thabhairt dóibh siúd atá freagrach go gcuirfidh mé tús le fiosrúchán nuair a bheidh na hacmhainní agam chuige sin agus nuair a cheadaítear dom é a dhéanamh gan tuilleadh tagartha do "dhuine ábhartha" a bhfuil mainneachtain déanta aige/aici an ceangal i leith teorainn ama de thrí mhí a chomhlíonadh.

Is amhlaidh freisin nach bhfuil go leor comhaltaí scéime agus tairbhithe feasach faoi go bhfuil an próiseas RDI ar fáil. Féach "Cumarsáid" thíos.

## NUAIR NACH NDÉANANN RDI AN RUD AR CHÓIR DÓ A DHÉANAMH...

I gcás amháin bhreithnigh iontaobhaithe na scéime gearán a líomhain an gearánaí gur ghníomhaigh sí chun dochar di féin ag éirí as luachan sochair ó riarthóir, a raibh a teidlíocht ó thaobh luathscoir go hiomlán curtha as a riocht ann. D'aontaigh na hiontaobhaithe léi agus chinn go raibh an locht ar an riarthóir. Dhiúltaigh an riarthóir áfach cinneadh na n-iontaobhaithe a chur i bhfeidhm ag rá go raibh sé rófhial (is ar an riarthóir a bheadh sé an costas a íoc: is air a bhí an locht gan amhras). Bhí ar an ngearánaí ansin cinneadh fabhrach na n-iontaobhaithe a dhiúltú ionas go rachadh an gearán ar aghaidh go dtí an Oifig seo!

## LUCHT IMIRCE

Tá sé luaite agam cheana ar ócáidí éagsúla – lena n-áirítear sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2005 – nach bhfuil an córas pinsin curtha in oiriúint do na daoine sin a thagann anseo ag lorg oibre ar feadh tréimhse shealadach. Tar éis dhá bhliain de bhallraíocht i scéim bíonn na sochair caomhnaithe agus tá ballraíocht éigeantach sa tSeirbhís Phoiblí mar atá sé i réimsí áirithe eile cosúil leis an Tionscal Tógála. Is ó dhaoine a tháinig isteach sa tseirbhís nuair ba chúig bliana an tréimhse chaomhnaithe agus nár cuireadh in iúl dóibh an laghdú de dhá bhliain, a tháinig na gearáin den chuid is mó. Cheisteoinn áfach an bhfuil sé ceart é a chur de dhualgas ar dhaoine caomhnú a ghlacadh nuair atá siad ag imeacht ar bhuanimirce as Éirinn.

Creidim nach bhféadfar na rialacha a mhaolú laistigh den AE nó b'fhéidir laistigh de Limistéar Eacnamúil na hEorpa (LEE). Ach dóibh sin atá ag filleadh ar thíortha lasmuigh den LEE bheinnse i bhfabhar córas a cheadódh onnmhairiú an chaipitil a bheadh carntha suas acu mar shochar pinsin, ar a laghad má tá an tréimhse sheirbhíse níos lú ná cúig bliana. Níor mhór go mbeadh socruithe cuí cánach déanta ach creidim go bhféadfaí an fhadhb sin a fhuascailt le roinnt smaointeoireacht chruthaitheach. Tá súil agam tuilleadh plé a dhéanamh faoi sin leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus le Bord na bPinsean.

Maidir leo siúd laistigh den LEE is éard a theastaíonn uainn modhanna níos simplí chun aistrithe idir tíorthaí a éascú. Tá ceist chasta déanta de seo mar gheall ar an mbealach a bhfuil pinsin eagraithe sna críocha éagsúla ach creidim gur fadhb é ar féidir aghaidh a thabhairt uirthi agus gur réimse é a bhféadfadh eagraíochtaí Rialtais agus ionadaíocha obair le chéile chun fadhbanna a fhuascailt.

## CUMARSÁID

Ní hiad na cónaitheoirí sealadacha amháin a ndéanann na ceangail maidir le caomhnú difear dóibh; baineann siad le muintir na hÉireann ar an dóigh chéanna. Is é an fhadhb áfach nach gcuirtear na ceangail sin in iúl dóibh go minic. Uaireanta is iad na riarthóirí nach dtuigeann i gceart rialacha na scéime ná na ceangail dlí atá ciontach i ndroch-chumarsáid. D'fhéadfaí a luadh faoin gceannteideal sin mar chás tipiciúil bean ar tairgeadh aisíocaíocht dá cuid ranníocaíochtaí di go sonrach dhá uaire agus gur dúradh di faoi dheireadh go raibh an dlí athraithe (bliain sular fhág sé í an tseirbhís) agus nach foláir go mbeadh a cuid sochar caomhnaithe anois.

Go ginearálta eascraíonn lear mór de na gearáin a thagann chugainn as droch-chumarsáid. Tharla an uile chineál aimhréidhe mar shampla de bharr mainneachtana ráitis sochair bhliantúil a eisiúint i scéimeanna ranníocaíochta sainithe (RS) (nó eilimintí RS de scéimeanna sochair shainithe), nuair nach raibh a fhios ag comhaltaí céard a bhí ag tarlú lena gcuid chistí go dtí go raibh sé ródheireanach chun rudaí a chur ina gceart. Ag an am céanna ní féidir le comhaltaí bheith ag súil leis go mbeidh iontaobhaithe in ann teagmhas a bhrath roimh ré agus foláireamh a sholáthar maidir lena bhféadfadh tarlú sa todhchaí.

Sampla den chineál dréime sin ba ea nuair a d'fhág comhalta seirbhís agus nuair a tugadh dó na gnáthroghanna a bhfuil sé de cheangal a thabhairt de réir Acht na bPinsean – na socair a chur siar, iad a aistriú do scéim nua nó do bhanna lena gceannach thar barr amach nó do CCPS mar is cuí. Bhí sé léite aige sa leabhrán míniúchán pinsin go bhféadfadh sé cur isteach ar luathscor amach anseo dá mba mhian leis. Ach chinn ar na hiontaobhaithe fainic a chur air dá rachadh an scéim thar a hacmhainn sa todhchaí go mbeadh orthu – agus bhí orthu in am agus i dtráth – cead ar luathscor a tharraingt siar.

I gcás eile atá luaite san Achoimre Cásanna agam, mhaígh an gearánaí go raibh na hiontaobhaithe faoi dhualgas a chur in iúl dó go mb'fhéidir nach mbeadh a theideal chuig phinsean ráthaithe sa chás go ndéanfaí foirceannadh ar an scéim sa todhchaí dá bhfágfaí i bhfoirm iarchurtha sa scéim é. Sa chás sin níor ghlac mé leis go raibh sé go hiomlán cinnte go ngníomhódh sé ar mhalairt slí dá mbeadh an fhéidearthacht sin curtha ar a shúile aige, nó go riabh ceangal ar na hiontaobhaithe eolas dá leithéid a chur le ráiteas fágála seirbhíse.

Is rómhinic a cheapann daoine go rathaíonn scéimeanna sochair shainithe leibhéal áirithe sochair dóibh. I ndáiríre níl sochair dá leithéid "ráthaithe" ach chomh fada agus atá an ciste fós ann – agus sócmhainneach.

I roinnt comhlachtaí san earnáil phoiblí ní léir go bhfuil modh sásúil ann chun cumarsáid a dhéanamh le comhaltaí ar bhonn ginearálta. Is annamh a réitítear leabhráin scéime agus bíonn ar chomhaltaí dul i muinín sraith chiorchlán chun lorg na n-athruithe a dhéantar a leanúint. Is minic nach dtugtar faoi deara athruithe is torthaí ar fhorálacha Acht na bPinsean. Tá fianaise ann nach bhfuil soláthar Tuarascálacha Bliantúil Scéime uilechoitinn. Tagann go leor de na fostaithe sa tseirbhís phoiblí go díreach chugainn toisc nach léir dóibh i gcónaí an chaoi a thionscnaítear gearán.

Déantar tagairt i scéimeanna reachtúla don cheart ar achomharc don Aire nó do na hAirí ach ní thugtar riamh leid maidir le cén chaoi an ceart sin a fheidhmiú. Féadfaidh forais an achomhairc bheith teoranta freisin i rialacha na scéime. Dá bhrí sin ní léir gurb é an tAire ar cóir iarratas a chur chuige ar an gcéad dul síos má táthar ag iarraidh gearán a chur i láthair na hOifige seo le haghaidh fiosrúcháin.

Fuarthas gearáin san earnáil phríobháideach freisin gur diúltaíodh RDI do dhaoine. Bhí cásanna ann nár thuig na hiontaobhaithe cérbh iad na freagrachtaí a bhí acu féin. Faoi dheireadh tá roinnt cásanna a bhfuil an próiseas RDI chomh casta nach féidir bheith ag súil leis go mbeidh sé críochnaithe laistigh den tréimhse reachtúla de thrí mhí.

I dtaca leis sin is mian liom aird a tharraingt ar cheangail na Rialúchán um Nochtadh Eolais[1] is deireanaí a éilíonn go gcuimseoidh an Tuarascáil Bhliantúil Scéime – *ráiteas ag míniú na nósanna imeachta atá an… i ndáil le réiteach inmheánach ar dhíospóidí chun ceangail na Rialúchán um Fhear an Phobail um Pinsin, 2003 a chomhlíonadh* – mura bhfuil sé nochta cheana.

Iarraim ar gach uile riarthóir scéime agus iontaobhaí a chinntiú go ndéanfar sin. B'fhearr liom go mbeadh sin déanta trí ráiteas simplí a chur i ngach leabhrán míniúchán scéime, a chuirfeadh in iúl go bhfuil nós imeachta RDI ann, agus cén áit ar féidir teacht ar eolas faoi. Mar mhalairt air sin d'fhéadfaí an t-eolas sin a leagan amach i ndoiciméad speisialta as féin seachas sa leabhrán. Más amhlaidh nach bhfuil ceachtar den dá mhodh sin oiriúnach **caithfidh** an t-eolas bheith sa Tuarascáil Bhliantúil Scéime.

1 Rialacháin Scéimeanna Ceirde Pinsin (Nochtadh Eolais), 2005, IR uimh. 633 ó 2005

Réimse eile a bhfuil droch-chumarsáid ag cruthú fadhbanna is ea mainneachtain struchtúr na scéime a chur in iúl i gceart do chomhaltaí agus céard a chiallaíonn sé dóibh san fhadtéarma. Nuair a bhíonn droch-chumarsáid cúpláilte le drochdhearadh scéime is tubaisteach na torthaí bhíonn air – féach "Dearadh Scéime" thíos.

Ar cheisteanna cumarsáide eile tá mainneachtain a mhíniú i gceart cén chaoi a gcaitear le haistruithe isteach. Tá sé feicthe againn gur aistrigh baill sócmhainní go dtí scéim sochair shainithe agus a thoimhdigh – go mícheart mar ba léir ina dhiaidh – gur baineadh úsáid astu chun breis bhlianta a cheannach. I ndáiríre bhí siad infheistithe sa scéim ar bhun ranníocaíocht shainithe.

Is minic is féidir míthuiscint a éirí as gealltanais sochair a mhéadú. Sampla de sin is ea nuair a ghealltar an 40/60ú cuid d'fhear a bhfuil 30 bhliain de sheirbhís phoitéinsiúil aige nuair a thagann sé in aois an phinsin, ach nach dtuigeann sé má éiríonn sé as nó má fhágann sé an tseirbhís roimh an aois sin nach mbeidh luach iomlán na seirbhíse breise ar fáil.

Is féidir míthuiscint a éirí as feidhmiúchán an Chaighdeáin Airgeadaithe faoi Acht na bPinsean freisin. Níl sé cinnte go mbeidh scéim atá 100% maoinithe de réir an chaighdeáin in ann a bhfuil na comhaltaí gníomhach agus iarchurtha ag súil leis ó thaobh sochar sainithe a fhrithghealladh má fhoirceanntar í – toisc nach rabhthas riamh ag súil leis faoin Acht go mbeadh dóthain airgid sa chiste chun aiscí a cheannach le haghaidh na gcatagóirí sin de chomhalta. Foráiltear san Acht do luachanna aistrithe ar bhonn achtúireach ar féidir a bheith i bhfad níos lú ná costas na n-aiscí. Arís féadfaidh ról a bheith ag cumarsáid chuí sa chás seo. Ní réiteoidh sé an fhadhb ach d'fhéadfadh sé chur faoi deara go seachnófar míthuiscint agus dréimeanna míréadúil.

## PIONÓIS MAR GHEALL AR SHÁRUITHE AR ACHT NA BPINSEAN

Sa Tuarascáil Bhliantúil do 2005 chuir mé fáilte roimh phionóis shibhialta a thabhairt isteach mar gheall ar sháruithe ar an Acht. Tháinig roinnt constaicí teicniúil sa bhealach orthu sin ach creidim go bhfuil déanta fúthu san Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2007. Cuirim fáilte freisin leis an méadú substainteach ar na pionóis is féidir leis na Cúirteanna a ghearradh i ngeall ar chionta a dhéantar faoin Acht.

## PLEANANNA LEANÚNACHAIS IONCAIM

I dTuarascáil na bliana seo caite luaigh mé freisin réimse neamhrialaithe na bPleananna Leanúnachais Ioncaim arna n-urrú ag fostaitheoir. Níl an réimse sin rialaithe fós ach measaim go gcaitear rialú a dhéanamh ar mhaithe an dea-oird. Ach féadfaidh sásamh bheith ar fáil do chomhaltaí éagóirithe pleananna dá leithéid. I ndiaidh do mo chomhghleacaí Fear an Phobail um Sheirbhísí Airgeadais comhairle dhlí a ghlacadh tá sé sásta go mbeidh sé in ann gearáin den saghas sin a ghlacadh i go leor cásanna agus déileáil leo.

## INFHEISTÍOCHT CHUÍ

I gceann de na cásanna arna bplé in Achoimre Cásanna na bliana rinne mé cinneadh i gcoinne an iontaobhaí phinsin i scéim bheag féinriartha mar gheall ar mhainneachtain sócmhainní na scéime a riar go "cuí" mar a cheanglaítear in Alt 59(b) d'Acht na bPinsean 1990. Infheistíodh na sócmhainní (trí mhainneachtain) i gcuntas bainc, rud a ceadaíodh de réir an ghníomhais iontaobhais ach níorbh ionann sin dar liom agus infheistíocht "cuí", ag cur san áireamh aois agus imthosca an chomhalta. Tá sé de cheangal faoi na Rialúcháin Infheistíochta[2] a tháinig i ngníomh i ndiaidh chur i bhfeidhm Threoir Phinsin an AE i 2005, sócmhainní scéime a infheistiú ar mhodh atá ceaptha "slándáil, caighdeán, leachtacht agus brabúsacht an phortfóilió a chinntiú "ag féachaint do chineál agus do thréimhse mharthana na ndliteanas a mheastar a bheith ag an scéim". Sonraítear nach bhfuil feidhm ag na Rialacháin sin i leith scéimeanna aonchomhalta. Is é an chúis leis sin go mbeidh comhalta aonair gafa le "cur chuige teagmhálach" maidir le hinfheistíocht sócmhainní dá chuid féin sa chuid is mó de chásanna.

Ach caithfidh iontaobhaithe gairmiúla bheith feasach faoi nach saorann dífheidhmiú na rialúcháin sin iad ar aon chúinse óna ndualgais faoi Alt 59 d'Acht na bPinsean ná óna ndualgais ghinearálta faoi dhlí iontaobhais i dtaca le hinfheistiú a chomhlíonadh.

## ÚSÁID CHUMHACHTA LÁNROGHNAÍ

Bhain roinnt de na cásanna a cinneadh i rith na bliana le feidhmiú cumhachta lánroghnaí – nó lena rá níos beaichte le mainneachtain iadsan a raibh an chumhacht sin acu í a chur chun feidhme ar mhaithe na ngearánaithe. I roinnt cásanna bhí lánroghanna iontaobhaithe teoranta do chinneadh fostaitheora a dhaingniú – mar shampla chun sochair chomhalta sonraigh a fheabhsú. Bhraith gearánaithe gur caitheadh leo go mífhéaráilte de bhrí gur méadaíodh sochair roinnt daoine ach nár méadaíodh a sochair iadsan. Má roghnaíonn fostaitheoir i gcúrsa a ghnó a bhainistiú sochair fostaithe áirithe a mhéadú tá sé de cheart aige é sin a dhéanamh agus is gnách go bhfuil an chumhacht is gá aige chun é sin a dhéanamh. Níl le déanamh ag na hiontaobhaithe ansin ach a chinntiú go bhfuil na socruithe cuí airgeadais ann le haghaidh an mhéadaithe agus nach gcailleann na comhaltaí eile aon teidlíocht dá bharr faoi rialacha na scéime.

Is iomaí uaire a bhí orm a chur in iúl do ghearánaithe nach bhfuil mé i dteideal mo chinntí féin a chur in áit cinntí a rinne iontaobhaithe nó fostaitheoirí ag baint úsáide as cumhachtaí lánroghnacha. Níl mé in ann tada a dhéanamh faoi sin mura bhfuil na cinntí déanta de mheon mímhacánta nó mura ndeachthas thar na cumhachtaí nó murar baineadh úsáid mhícheart as na cumhachtaí. Má mé sásta gur glacadh cinneadh de mheon macánta ach go gcreidim gur chinn ar na hiontaobhaithe rud a chur san áireamh ar chóir dóibh a chur nó gur chuir siad rud san áireamh nár chóir dóibh a chur seolfaidh mé an cinneadh ar ais chucu lena athbhreithniú. Ach níl mé in ann iallach a chur orthu é a athrú.

## CUMHACHT LÁNROGHNACH A SHRIANADH

Ní mór cumhacht lánroghnach a fheidhmiú de réir na dtéarmaí faoina dtugtar í. Ní féidir le hiontaobhaithe nó le riarthóirí – nó mar is amhlaidh sa chás atá luaite san Achoimre Cásanna reatha – le hAire atá ag gníomhú trína Roinn cinneadh a dhéanamh roimh ré teorainneacha saorga a chur leis na cúinsí ina mbeifear fiú ag bhreithniú úsáid na cumhachta sin. Bhain an cás ábhartha le diúltú iarratais go dtarscaoilfí laghdú pinsin i gcúinsí áirithe. De réir dealramh comhlíonadh na coinníollacha le haghaidh tarscaoilte ach dhiúltaigh an Roinn an chumhacht a bhí aici a úsáid chun laghdú a tharscaoileadh de bhrí go raibh sé de pholasaí aici nach mbreithneofaí ach gráid áirithe foirne. Sa chás seo bhí sé soiléir ón reachtaíocht faoinar tugadh an chumhacht lánroghnach gur ghá go mbreithneofaí gach cás de réir a bhuanna féin agus ní hamhlaidh go raibh an chumhacht ann chun an feidhmiúchán a theorannú do chatagóir shonraithe daoine. Is ar an mbonn sin a dúirt mé nach raibh aon éifeacht ag an gCiorclán a eisíodh chuig oifigigh phearsanra chun scóip na cumhachta lánroghnaí a theorannú agus d'ordaigh mé é a tharraingt siar. D'ordaigh mé athbhreithniú a dhéanamh ar iarratas ar tharscaoileadh laghdú pinsin don ghearánaí.

Chomh maith le bheith ina mheabhrúchán faoi conas ba chóir úsáid a bhaint as cumhachtaí lánroghnacha, mheabhraigh an cás seo dúinn freisin – uair amháin eile – nach féidir an dlí a athrú trí chiorcláin riaracháin.

2 Rialacháin Scéimeanna Ceirde Pinsin (Infheistíocht), 2006, IR uimh. 294 ó 2006

## FOIRCEANNADH

Uaireanta braitheann gearánaithe nuair a chuirtear foirceannadh le scéim go bhfuil dualgas uathoibríoch ar iontaobhaithe sócmhainní iomlána na scéime a chur chun leasa dóibh. Ní hamhlaidh atá. Caithfear déileáil le sócmhainní na scéime de réir riail foirceanta na scéime féin sa mhéid is nach bhfuil sin sáraithe ag na tosaíochtaí reachtúla arna leagan síos in Acht na bPinsean.

I gcásanna áirithe ordófar de réir na rialach foirceanta na sócmhainní a úsáid chun leasa na gcomhaltaí amháin; i gcásanna eile féadfaidh sé go hordófar íocaíocht aon fharasbarr don fhostaitheoir. Sa chuid is mó de na cásanna beidh cumhacht lánrognach maidir le méadú ag na iontaobhaithe, cumhacht a bheidh le húsáid, b'fhéidir, i gcomhchomhairle leis an bhfostaitheoir má tá an comhlacht sin fós ar an saol. Ní hionann cumhacht méadaithe a bheith ar fáil agus ceangal a bheith ar na hiontaobhaithe méadú a dhéanamh i gcónaí.

Bhain gearán amháin a rinneadh i mbliana le haistriú sócmhainní ó scéim amháin go scéim eile laistigh den chuideachta chéanna, rud a bhí chun leasa don fhostaitheoir urraithe trína ranníocaíochtaí todhchaí a ísliú (sa chás áirithe seo ní raibh cumhacht aistriú mórmhéide ag na hiontaobhaithe agus bhí orthu Alt 48(3) d'Acht na bPinsean a agairt chun an t-aistriú a bhaint amach). Bhí sé soiléir gur baineadh úsáid iarbhír as mórmhéid na sócmhainní barrachais chun sochair comhaltaí a mhéadú agus nár cheadaíodh an gearán de bhrí nach raibh aon oibleagáid ar na hiontaobhaithe an farasbarr a úsáid le haghaidh na gcomhaltaí freisin.

## DEARADH SCÉIM PHINSIN

### Sochair bhaoil mar thúsmhuirear

Fuair mé roinnt gearáin maidir le scéimeanna pinsin ranníocaíochta sainithe ina bhfuil an ranníocaíocht fostaitheora iomlán luaite, leis an gcoinníoll gur túsmhuirear i dtaca leis an ranníocaíocht atá i gcostas an tsochair bhás-sa-tseirbhís. Is de bhrí gur chinn ar ghearánaithe na himpleachtaí a bhain leis sin a thuiscint agus gur chinn ar fhostaitheoirí éifeacht an chineáil dearaidh sin a mheas a rinneadh na gearáin. I gcás atá léirithe in Achoimre na gCásanna níor sheas mé leis an ngearán de bhrí gur chóir go mbeadh sé soiléir don tairbhí ó ráitis sochair agus ó chumarsáid eile cén chaoi a raibh an scéim deartha.

I gcás faoi leith áfach ar ábhar eadarscála é, rinne an soláthraí lena mbaineann lamháltas airgeadais maidir leis an ngearánaí (duine a bhí ina stiúrthóir seilbhe leis an bhfostaitheoir) de bhrí gur léir nach raibh impleachtaí an dearaidh mínithe go soiléir.

I bhformhór na scéimeanna pinsin íoctar as na sochair bháis trí chonarthaí árachais athfhillteacha téarma préimhe amháin. Cuirtear costas íseal ar fáil iontu sin do dhaoine a bhfuil aois bheag acu murab ionann agus na conarthaí "préimhe bliantúla" ina mbítear ag breathnú ar aghaidh ar mheánchostas an bhaoil thar thréimhse saol oibre an fhostaí feasta. Tá ciall aige sin ó thaobh airgid – dá bhfaigheadh an fostaí bás bheadh íoctha ar an mbaol ar an gcostas is lú. Ach baineann míbhuntáiste leis. De réir mar a théann comhalta na scéime in aois, is amhlaidh go bhfuil sé de chlaonadh ag costas an bhaoil a ardú go han-sciobtha. Ní hamháin go mbíonn céatadán an chostais ag ardú, ach is dóichí ná a mhalairt go mbeidh tuarastal an chomhalta ar a bhfuil an sochar báis bunaithe ag méadú freisin, rud a chuirfidh leis an éifeacht.

Go feadh méid áirithe is féidir sin a mhaolú tríd an gciste pinsin carntha a chur san áireamh agus tríd an tsuim airgid atá i mbaol a laghdú dá réir. Ach mura bhfuil ranníocaíocht an fhostaitheora an-substaintiúil tá sé mórán dosheachanta go mbeidh sé ídithe ina iomláine ag costais baoil in imeacht ama. An chéad chéim eile cuid den chostas baoil a bhaint de ranníocaíochtaí an chomhalta féin, agus is féidir go teoiriciúil go n-íocfar as breischostas an bhaoil ar deireadh thiar trí chuid den chiste carntha pinsin a scor ar airgead.

Bíonn roinnt mhaith scéimeanna deartha ar an dóigh sin. Táthar ann atá níos measa fós – i gcuid acu mbíonn costas an árachais mhíchumais ina thúsmhuirear ar an ranníocaíocht. I gcásanna mar sin ní fada go creimeadh an chiste phinsin agus ina dhiaidh sin téann sé in éag go han-scioptha (cé nach féidir aonaid sa chiste pinsin bheith réadaithe in airgead tirim chun clúdach míchumais a chur ar fáil agus bheinn amhrasach faoi go bhfuil sé dlíthiúil ranníocaíochtaí a úsáid chun é sin a airgeadú ach oiread).

Caithfidh go bhfuil na fíricí bunúsacha sin ar eolas ag na daoine a dhearann agus a dhíolann na scéimeanna sin. Go deimhin tá luachana feicthe agam ina bhfuil costas fadtéarmach an chlúdaigh árachais saoil tosaigh leagtha síos le hais an chostais láithrigh ísil sa chaoi is go bhfuil na comhairleoirí coinnithe ar an eolas ag an gcuideachta árachais faoi chostas fadtéarmach an chlúdaigh.

Níl aon leithscéal le scéimeanna a dhíol ar an dóigh sin mura bhfuil an comhairleoir réidh chun monatóireacht chúramach a dhéanamh ar a bhfuil ag tarlú agus comhairle a thabhairt do chomhaltaí maidir le bainistíocht sochair i gcomhréir lena riachtanais (mar shampla, féadfaidh sé go bhfuil sé cuí go mbíonn sochair bháis ard nuair a bhíonn na páistí ina

gcleithiúnaithe; is lú a bheadh sin cuí nuair nach mbíonn). Is lú fós a d'fhéadfaí leithscéal a ghabháil faoi mhainneachtain dul i mbun cumarsáide cuí le chomhaltaí sa chaoi is go mbeadh a fhios acu céard tá i ndán dóibh má mhaireann siad. Creidim nár chóir a cheadú d'idirghabhálaithe agus d'fhostaitheoirí soláthraithe a cheadaíonn fadhbanna a dhul chun cinn ina leithéidí de scéimeanna dul i mbun oibre i seirbhísí airgeadais, mar ba dheacair gan caimiléireacht a thabhairt ar na socruithe sin a bheith fógartha mar scéimeanna pinsin.

## Scéimeanna "Spriocshochair"

Tá fadhbanna freisin le scéimeanna Spriocshochair mar a ghlaoitear orthu. Is é an phríomhchúis atá leo sin mainneachtain fostaitheoirí gealltanais a thug siad nuair a cuireadh tús leis na scéimeanna a chomhlíonadh agus cúis eile is ea mainneachtain a chur in iúl i gceart céard le haghaidh atá na scéimeanna deartha.

Ón taobh teicniúil is éard atá i gceist le scéim spriocshochair scéim sochair shainithe ina bhfuil an ranníocaíocht atá geallta deartha chun sochar a chur ar fáil; tugtar sprioc seachas gealltanas nó ráthaíocht ar an sochar sin. Is é an fostaitheoir a leagann síos an ranníocaíocht tosaigh, a mbíonn a méid bunaithe go minic ar chomhairle achtúireach agus tugtar gealltanas ráta na ranníocaíochta a athbhreithniú ó am go chéile lena chinntiú gur dócha go mbainfear amach an sprioc a bhfuiltear ag díriú uirthi. Go minic cuireadh na scéimeanna sin in áit scéimeanna sainithe sochair a bhí ann rompu i gcúinsí a raibh na fostaitheoirí lena mbaineann éiginnte faoi go mbeadh siad in ann gealltanais sochair shainithe a chomhlíonadh ar feadh tréimhse éiginnte, nó nuair a chuir an comhcheangal idir na conarthaí árachais a bhíothas ag baint úsáide astu agus an rialachán nua a tugadh isteach le hAcht na bPinsean faoi deara nach raibh na seanscéimeanna inbhuanaithe. Go minic ní thuigeann na fostaithe nó ní chuirtear in iúl dóibh go cuí impleachtaí na n-athruithe ar chineál na scéime.

Is é an mhainneachtain athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar na spriocanna agus ar na ranníocaíochtaí is cúis le roinnt de na gearáin maidir leis na scéimeanna sin. Ní maith le fostaitheoirí athbhreithniú a dhéanamh rómhinic (agus go deimhin in amanna thug soláthraithe foláireamh dóibh go measfaí go rabhthas ag tabhairt tréithe socrú sochair shainithe don scéim dá ndéanfaí sin. Bhí cásanna áfach nach ndearnadh athbhreithniú riamh. Cuireadh tús le lear mór scéimeanna spriocshochair nuair a bhí rátaí úis agus rátaí aoisliúntais i bhfad níos fabhraí ná mar atá siad sa lá atá inniu ann ach ní dhearnadh coigeartú riamh ar na rátaí chun athruithe sna himthosca a chur san áireamh.

Is minic a leagadh síos spriocshochair ar lorg scéimeanna sochair shainithe agus gur gheall an fostaitheoir go leanfadh sé de bheith ag íoc an ráta céanna ranníocaíochta. Chreid na comhaltaí – bhí dul amú orthu – go bhfaigheadh siad na sochair chéanna.

Ina bhformhór mhór de na chásanna tá rud amháin soiléir .i. nár cuireadh saintréith na scéime in iúl go cuí do na comhaltaí a bhí ag súil leis an uile chineál rudaí níos míréadúla ná a chéile ina n-intinn féin. I go leor cásanna bíonn caighdeán na cumarsáide chomh dona sin go dtéann sé rite ar na himscrúdaitheoirí agam a dheimhniú céard go díreach a gealladh a chéaduair. I gcás amháin tá a fhios agam go raibh gearánaí áirithe ina chomhalta i scéim sochair shainithe ag dáta áirithe. Tá a fhios agam freisin go raibh an scéim sin ina scéim ranníocaíochta sainithe ag dáta eile roinnt blianta ina dhiaidh sin. Ach tá ar tharla san idirlinn ina mhistéir i gcónaí.

Cé gur léir go mbeadh sé dodhéanta agus b'fhéidir neamh-inmhianaithe "Spriocshochair" a dhéanamh neamhdlíthiúil amach is amach, mholfainn do na fostaitheoirí a fheidhmíonn na scéimeanna sin iad a choinneáil faoi athbhreithniú; mholfainn do na hidirghabhálaithe atá gafa leo a bheith teanntásach ag iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú orthu ar bhonn práinneach; agus mholfainn do na comhaltaí agus do na fostaithe nach bhfuil go hiomlán cinnte céard atá acu céimeanna a ghlacadh leis sin a fháil amach go sciobtha.

# Cuid 5 – Conclúid

Arís i mbliana tá ábhair na tuarascála seo measctha. Is léir go bhfuil níos mó daoine ar an eolas faoin Oifig; bhí méadú ar líon na ngearán agus na bhfiosruithe a fuair an Oifig ar an teileafón i rith na bliana. Mar atá léirithe agam sa tuarascáil áfach is cás dom go raibh titim de 20% i líon na gcásanna a réitíodh i rith na bliana 2006 le hais 2005. Níorbh fhéidir a sheachaint go raibh na cásanna ag carnadh suas dá bharr agus ag deireadh 2006 bhí 423 chás idir lámha. Is é an fáth atá leis sin mar atá léirithe roinnt uaireanta agam cheana acmhainní neamhdhóthannacha na hOifige i 2006. Ar an drochuair tá na dálaí sin leathnaithe isteach i 2007 freisin agus níl ann ach tamaillín ó shin a d'éirigh linn ar deireadh thiar imscrúdaitheoir a fháil in áit an duine a d'fhág an tseirbhís i Meán Fómhar 2006. Ach tá áthas orm a thuairisciú gur gealladh daoine nua don fhoireann agus ba chóir go mbeifear in ann dá bharr mant a bhaint as an gcarn cáis atá bailithe suas agus go ndéanfaidh sin freastal freisin do phróiseáil níos sciobtha ar na gearáin atá faighte isteach. Tá súil agam freisin go mbeifear in ann aghaidh a thabhairt ar deireadh thiar ar chuid de na pleananna atá beartaithe againn – Cairt Chustaiméara, suíomh idirlín athchóirithe agus córas nua chun lorg na ngearán a leanúint i measc rudaí eile.

# Cuid 6 – Cuntais Airgeadais

Is é an Státchiste ag feidhmiú tríd an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a mhaoiníonn Oifig Fhear an Phobail um Pinsean.

Admhaíonn an Oifig tacaíocht leanúnach na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh i dtaca lena hoibleagáidí Párolla agus Cuntais.


## CUNTAIS BHLIANTÚLA LE HAGHAIDH 2006

Tá na ráitis Airgeadais le haghaidh 2006 lena n-áirítear tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste leagtha amach in Aguisín 6.

Tá na costais a bhaineann leis an Oifig a choinneáil ag imeacht leagtha amach i dTábla 6.1.

### Tábla 6.1 – Costais an Oifig a choinneáil ag imeacht i 2006

| | **2006**<br>**€** |
|---|---|
| Costais Foirne | 511,390 |
| Caiteachas Riaracháin | 163,439 |
| Caiteachas Caipitil | 118,981 |
| **Costais Reatha Iomlána** | **793,810** |



Pensions
OMBUDSMAN
Fear an Phobail um Pinsin

# AGUISÍNÍ

# Aguisín 1 – Oifig Fhear an Phobail um Pinsin – Soláthar Foirne 2006

**Paul Kenny**
Fear an Phobail um Pinsin

**Kevin Lonergan**
Ceann Fiosrúchán

**Gerard Hughes**
Imscrúdaitheoir

*Post gan líonadh ó Mheán Fómhair 2006 go Meitheamh 2007 nuair a líon* **Ciaran Creagh** *é*

**Joan Bray**
Imscrúdaitheoir

**Caitriona Collins**
Imscrúdaitheoir

**Jean O'Toole**
Bainisteoir Oifige

**Martina Brennan**
Oifigeach Cléireach

**Michelle O'Keeffe**
Oifigeach Cléireach

*go dtí Samhain 2006 nuair a thóg* **Stephen Burke** *a háit Oifigeach Cléireach*

# Aguisín 2 –
# Briseadh síos ar Ghearáin de réir Láithreach

## Briseadh síos ar Ghearáin 2005 & 2006 de réir Láithreach

| **Láthair** | **2005** | **2006** |
|---|---|---|
| Ceatharlach | 3 | 6 |
| An Cabhán | 2 | 1 |
| An Clár | 6 | 9 |
| Corcaigh | 53 | 63 |
| Dún na nGall | 5 | 7 |
| Baile Átha Cliath | 130 | 167 |
| Gaillimh | 22 | 15 |
| Ciarraí | 13 | 7 |
| Cill Dara | 18 | 21 |
| Cill Chainnigh | 4 | 5 |
| Laois | 6 | 5 |
| Liatroim | 2 | 4 |
| Luimneach | 21 | 28 |
| An Longfort | 1 | 3 |
| Lú | 7 | 7 |
| Maigh Eo | 10 | 9 |
| An Mhí | 18 | 21 |
| Muineachán | 4 | 1 |
| Uíbh Fhailí | 1 | 5 |
| Ros Comáin | 1 | 2 |
| Sligeach | 11 | 6 |
| Tiobraid Árann | 7 | 7 |
| Port Láirge | 8 | 11 |
| An Iarmhí | 7 | 1 |
| Loch Garman | 10 | 11 |
| Cill Mhantáin | 10 | 5 |
| An Astráil | 1 | 0 |
| An Bheilg | 0 | 1 |
| An Fhrainc | 0 | 1 |
| Nua-Shéalainn | 0 | 0 |
| An Phortaingéil | 0 | 1 |
| An Ríocht Aontaithe | 7 | 9 |
| Na Stáit Aontaithe | 1 | 0 |
| **Foriomlán** | **389** | **439** |

# Aguisín 3 –
# Cineál na nGearán 2005 & 2006

| Cineál na nGearán 2005 | Iomlán | |
|---|---|---|
| Íocaíocht ranníocaíochtaí | 68 | 17% |
| Téarmaí tagartha seachtracha | 65 | 17% |
| Fiosrú ginearálta | 31 | 8% |
| Coinníollacha ballraíochta/iontrála | 30 | 8% |
| Méaduithe iarscoir | 26 | 7% |
| Ríomh sochar | 25 | 6% |
| Loiceadh scéime freagairt a thabhairt | 23 | 6% |
| Faisnéis mhícheart agus caillteanas airgeadais dá bharr | 18 | 4% |
| Aistrithe | 18 | 4% |
| Íocaíocht mhícheart/déanach nó neamhíoc | 14 | 4% |
| Foilsiú faisnéise | 11 | 3% |
| Ríomh seirbhíse | 9 | 2% |
| Sochair chéilí agus cleithiúnaithe | 9 | 2% |
| Luathscor | 7 | 2% |
| Ranníocaíochtaí deonacha breise | 6 | 2% |
| Drochshláinte | 6 | 2% |
| Caomhnú sochar | 6 | 2% |
| Méadú/feabhsú sochar | 5 | 1% |
| Foirceannadh | 4 | 1% |
| Aisíoc ranníocaíochtaí | 3 | 1% |
| Sochar Sainithe v Ranníocaíocht Shainithe | 3 | 1% |
| An Cheist um Chomhionannas Córa | 1 | 0% |
| Ag díol faoi dhúmas bréige | 1 | 0% |
| **Iomlán** | **389** | **100%** |

| Cineál na nGearán 2006 | Iomlán | |
|---|---|---|
| Coinníollacha ballraíochta/iontrála | 87 | 20% |
| Téarmaí tagartha seachtracha | 56 | 13% |
| Ríomh sochar | 49 | 11% |
| Íocaíocht ranníocaíochtaí | 47 | 11% |
| Aistrithe | 30 | 7% |
| Fiosrú ginearálta | 20 | 5% |
| Méaduithe iarscoir | 19 | 4% |
| Ríomh seirbhíse | 18 | 4% |
| Sochair chéilí agus cleithiúnaithe | 18 | 4% |
| Foilsiú faisnéise | 15 | 3% |
| Loiceadh scéime freagairt a thabhairt | 14 | 3% |
| Foirceannadh | 12 | 3% |
| Faisnéis mhícheart agus caillteanas airgeadais dá bharr | 10 | 2% |
| Ranníocaíochtaí deonacha breise | 8 | 2% |
| Luathscor | 8 | 2% |
| Drochshláinte | 7 | 2% |
| Méadú/feabhsú sochar | 6 | 1% |
| Íocaíocht mhícheart/déanach nó neamhíoc | 5 | 1% |
| Aisíoc ranníocaíochtaí | 3 | 1% |
| Sochar Sainithe v Ranníocaíocht Shainithe | 2 | 0.5% |
| Caomhnú sochar | 2 | 0.5% |
| Iomalartú pinsin | 1 | 0% |
| An Cheist um Chomhionannas Córa | 1 | 0% |
| Ag díol faoi dhúmas bréige | 1 | 0% |
| **Iomlán** | **439** | **100%** |

# Aguisín 4 – Achoimre faoi Shreabhadh Airgid agus Anailís ar Dhúnadh Comhaid

| **Achoimre Sreabhadh Cáis** | **2006** |
|---|---|
| Idir lámha ag tús na bliana | 291 |
| Faighte i rith na bliana | 439 |
| **Iomlán don bhliain** | **730** |
| Dúnta i rith na bliana | 307 |
| **Idir lámha ag deireadh na bliana** | **423** |

| **Achoimre Dúnadh Comhaid** | |
|---|---|
| Líon na gcomhad dúnta | 307 |
| Seachtainí chuig dhúnadh ar an meán | 35.11 |
| Líon is mó seachtainí chuig dhúnadh | 161.14 |
| Líon is lú seachtainí chuig dhúnadh | 0.00 |

| **Dúnadh de réir Cinnidh Fáth** | **Líon** | **% den Iomlán** |
|---|---|---|
| Eadarscáil rathúil | 88 | 29% |
| Comhairle ghinearálta tugtha | 62 | 20% |
| Cinneadh Deiridh – seasamh le gearán | 32 | 10% |
| Cinneadh Deiridh – diúltú do ghearán | 29 | 10% |
| Eadarscáil neamhrathúil | 29 | 10% |
| TTS – Fear an Phobail eile/Rialtóir/Eagraíocht* | 18 | 6% |
| TTS – Gan bheith faoi shainchúram PO – fáthanna éagsúla | 16 | 5% |
| TTS – Taobh amuigh den am | 16 | 5% |
| Fuair comhairle re RDI – gan aon teagmháil eile ** | 10 | 3% |
| TTS – Gearán faoi Leas Sóisialta | 6 | 2% |
| Gearán nach ndeachthas ar aghaidh leis | 1 | 0% |
| **Iomlán** | **307** | **100%** |


| **Líon Seachtainí go Dúnadh** | | |
|---|---|---|
| Níos lú ná 5 seachtaine | 74 | 24% |
| 5 – 10 seachtain | 28 | 9% |
| 10 – 15 seachtaine | 32 | 10% |
| 15 – 20 seachtain | 17 | 6% |
| 20 – 25 seachtaine | 17 | 6% |
| 25 – 30 seachtain | 12 | 4% |
| 30 – 35 seachtaine | 13 | 4% |
| 35 – 40 seachtain | 11 | 4% |
| 40 – 45 seachtaine | 8 | 2% |
| 45 – 50 seachtain | 7 | 2% |
| Níos mó ná 50 seachtain | 88 | 29% |
| **Iomlán** | **307** | **100%** |

* TTS – Téarmaí tagartha seachtracha Fhear an Phobail um Pinsean

** RDI – Nós imeachta Réiteach Díospóidí Inmheánacha

# Aguisín 5 – Líon na nGearán a Fuarthas de réir Míosa 2005 & 2006

| Mí | 2005 | % den Iomlán | 2006 | % den Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Eanáir | 31 | 8% | 35 | 8% |
| Feabhra | 42 | 11% | 25 | 6% |
| Márta | 35 | 9% | 47 | 11% |
| Aibreán | 33 | 8% | 47 | 11% |
| Bealtaine | 46 | 12% | 40 | 9% |
| Meitheamh | 31 | 8% | 33 | 7% |
| Iúl | 26 | 7% | 33 | 7% |
| Lúnasa | 27 | 7% | 32 | 7% |
| Meán Fómhair | 25 | 6% | 43 | 10% |
| Deireadh Fómhair | 25 | 6% | 39 | 9% |
| Samhain | 49 | 13% | 42 | 10% |
| Nollaig | 19 | 5% | 23 | 5% |
| **Iomlán** | **389** | **100%** | **439** | **100%** |



# AGUISÍN 6 – RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN A CHRÍOCHNAIGH 31 NOLLAIG 2006

Pensions
OMBUDSMAN
Fear an Phobail um Pinsin

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais Oifig Fhear an Phobail Um Pinsin, don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006 iniúchta agam faoi Alt 143(2) d'Acht na bPinsean, 1990 (faoi mar a leasú é).

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí gaolmhara.

## FREAGRACHTAÍ FEAR AN PHOBAIL UM PINSIN AGUS AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE FAOI SEACH

Tá Fhear an Phobail Um Pinsin freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Alt 143 d'Acht na bPinsean, 1990 (faoi mar a leasú é) agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn Fhear an Phobail Um Pinsin na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn.

Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

## AN BUNÚS ATÁ LE MO THUAIRIM AR NA RÁITIS

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrudú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh rneasúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí Oifig Fhear an Phobail Um Pinsin, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

## TUAIRIM

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí Oifig Fhear an Phobail Um Pinsin ag 31 Nollaig 2006 agus ar a hioncam agus ar a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag Oifig Fhear an Phobail um Pinsin. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

**Fergus Glavey**
*Le haghaidh agus thar cheann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

28 Meitheamh 2007

# Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

## FREAGRACHT AS AN GCÓRAS RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Is Oifig bheag in aon aonad amháin Oifig Fhear an Phobail um Pinsin. Tá foireann seachtar ann faoi láthar, lena n-áirítear Fear an Phobail, Ceann Fiosrúchán, beirt imscrúdaitheoirí, bainisteoir oifige agus beirt oifigeach breise. Is ormsa mar Fhear an Phobail atá an fhreagracht a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh coinnithe ar siúl agus ag feidhmiú.

Is féidir leis an gcóras sin bheith réasúnta cinnte ach ní féidir bheith iomlán cinnte go bhfuil sócmhainní faoi choimirce, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus cláraithe mar is cuí agus go gcuirtear cosc ar earráidí ábharacha nó go mbraitear iad laistigh de thréimhse thráthúil.

Tá bearta glactha agam agus ag foireann na hOifige lena chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialú airgeadais ann trí chóras rialaithe inmheánaigh a chur i bhfeidhm atá bunaithe ar sholáthar rialta eolas faoi chaiteachas don bhainistíocht, ar nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear saindeighilt idir dhualgais, agus ar chóras tarmligean freagrachta. Cuimsíonn sin na nósanna imeachta a leanas:

- Cuirtear meastachán bliantúil faoi riachtanais airgeadais ar fáil dár Roinn tuismitheora .i. an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.
- Cuirtear tuarascáil ar fáil don Roinn dhá uair in aghaidh na bliana ina ndéantar comparáid idir caiteachas iarbhír agus caiteachas measta.
- Cláraítear caiteachas uile na hOifige i gcóras cuntasaíochta mhórleabhar ginearálta na Roinne Ullmhaíonn brainse Cuntasaíochta na Roinne tuarascáil chaiteachais mhíosúil. Ansin cuireann bainisteoir na hoifige i gcomparáid leis na taifid atá coinnithe san Oifig í.
- Ullmhaíonn bainisteoir na hoifige ráiteas míosúil den chaiteachas ina ndéantar comparáid idir an caiteachas iarbhír agus an caiteachas measta. Scaiptear sin ar na baill foirne uile agus déanaim féin athbhreithniú uirthi.
- Bíonn na dualgais a bhaineann le hullmhúchán agus le húdarú íocaíochtaí agus lena ndéanamh deighilte óna chéile.
- Is í an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a chuirfidh feidhm iniúchta inmheánaigh ar fáil.

Deimhním go ndearna mé athbhreithniú ar chóras inmheánach airgeadais na hOifige i gcaitheamh na bliana 2006.

**Paul Kenny**
*Fear an Phobail um Pinsin*

4 Aibreán 2007

# Ráiteas Polasaithe Cuntasaíochta

## 1. BUNÚS ULLMHÚCHÁIN

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe de réir, cé is moite den chás atá léirithe thíos, na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo go ginearálta faoin gcoinbhinsiún bunchostais, agus comhlíonann siad na caighdeáin tuairiscithe airgeadais infheidhme agus ceangail Alt 143 d'Acht na bPinsean 1990, (arna chur isteach ag Alt 5 d'Acht na bPinsean (Leasú) 2002).

## 2. DEONTAS OIREACHTAIS

Is éard atá sa Deontas Oireachtais na híocaíochtaí iomlána a rinne an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh thar cheann na hOifige i mbliain an chuntais.

## 3. PINSIN

Is státseirbhísigh na fostaithe in Oifig Fhear an Phobail um Pinsin agus mar sin tá siad clúdaithe ag socruithe pinsin na Státseirbhíse cé is moite d'Fhear an Phobail um Pinsin atá ceaptha ag an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Tá scéim pinsin d'Fear an Phobail, arna haontú i mí Dheireadh Fómhair 2006 á chur i bhfeidhm faoi láthair. Ní dhearnadh aon luacháil fhoirmeálta ar dhliteanas pinsin Oifig Fhear an Phobail um Pinsin maidir leis an scéim sin.

## 4. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

Luaitear Sócmhainní Seasta Inláimhsithe ar a gcostas nó ar a luacháil lúide luachlaghdú carntha. Is ar bhonn líne díreach a dhéantar luachlaghdú ag rátaí a mheastar go laghdóidh siad na sócmhainní go luachanna inréadaithe faoi dheireadh an tsaoil úsáidigh a mheastar a bheith i ndán dóibh mar a leanas:

| | |
|---|---|
| TE agus Trealamh Oifige | 20% Líne Díreach |
| Troscán agus Feisteas | 10% Líne Díreach |

## 5. CUNTAS CAIPITIL

Is éard atá sa chomhardú Cuntas Caipitil luach gan amúchadh an ioncaim arna fheidhmiú le haghaidh caiteachas caipitil.

## 6. RÁITEAS UM SHREABHADH AIRGID THIRIM

Ní chuirtear aon Ráiteas um Shreabhadh Airgid Thirim i láthair a thagann leis na heisceachtaí arna ndeonadh in FRS 1.

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

## DON BHLIAIN 1 EANÁIR GO 31 NOLLAIG 2006

| | Nótaí | 2006 € | 2005 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas Oireachtais | 1 | 652,591 | 733,405 |
| Aistriú go Cuntas Caipitil | 5 | (20,657) | 11,729 |
| **Ioncam Iomlán** | | 631,934 | 745,134 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Foirne | 2 | 511,390 | 502,541 |
| Riarachán | 3 | 254,428 | 108,763 |
| Luachlaghdú | 4 | 25,992 | 21,327 |
| Táille Iniúchta | | 2,000 | 2,000 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **793,810** | **634,631** |
| **Easnamh don bhliain** | | **(161,876)** | **110,503** |
| **Farasbarr ag 1 Eanáir** | | **106,023** | **(4,480)** |
| **Easnamh ar 31 Nollaig** | | **(55,853)** | **106,023** |

Ní raibh aon ghnóthachan, ná aon chaillteanas sa bhliain airgeadais ag Oifig Fhear an Phobail um Pinsin.

Is cuid de na ráitis airgeadais sin Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 6.

**Paul Kenny**
*Fear an Phobail um Pinsin*

# Clár Comhardaithe

## AR 31 NOLLAIG 2006

| | Nótaí | € | 2006 € | € | 2005 € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | | | |
| Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 4 | | 120,462 | | 99,805 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Réamhíocaíochtaí | | 3,903 | | 115,368 | |
| Airgead ar Láimh | | 181 | | 101 | |
| | | 4,084 | | 115,469 | |
| **Dliteanais Reatha** | | | | | |
| Fabhruithe | | 59,937 | | 9,446 | |
| **Dliteanais Reatha Glana** | | | (55,853) | | 106,023 |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha** | | | 64,609 | | 205,828 |
| **Arna Airgeadú ag** | | | | | |
| Cuntas Caipitil | 5 | | 120,462 | | 106,023 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | | (55,853) | | 99,805 |
| | | | 64,609 | | 205,828 |

Is cuid de na ráitis airgeadais sin Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 6.

**Paul Kenny**
*Fear an Phobail um Pinsin*

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. DEONTAS OIREACHTAIS

Is é an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a mhaoiníonn Oifig Fhear an Phobail um Pinsean agus is í a dhéanann na híocaíochta uile ar son na hOifige. Is ionann an tsuim arna muirearú ar Chuntas Leithghabhála na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus méid iomlán an deontais.

## 2. COSTAIS FOIRNE

Is iadsan:

| | 2006<br>€ | 2005<br>€ |
|---|---|---|
| Luach Saothair agus Tuarastail | 505,872 | 494,848 |
| Taisteal | 5,518 | 7,693 |
| **Iomlán** | **511,390** | **502,541** |

Ochtar a bhí fostaithe san Oifig i 2006 lena n-áirítear Fear an Phobail. D'fhág ball foirne amháin an tseirbhís i mí Mheán Fómhair agus níor ceapadh aon duine ina áit.

## 3. COSTAIS RIARACHÁIN

| | 2006<br>€ | 2005<br>€ |
|---|---|---|
| Costais Theagmhasacha | 84,178 | 66,746 |
| Post agus Teileachumarsáide | 7,158 | 3,355 |
| Clódóireacht agus Stáiseanóireacht | 44,111 | 15,316 |
| TE/Sáslach Oifige | - | 934 |
| Obair Chothabhála | 118,981 | 22,412 |
| | **254,428** | **108,763** |

## 4. SÓCMHAINNÍ SEASTA

| | Crua-earra TE € | Troscán agus Feisteas € | Iomlán € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní ar a gcostas** | | | |
| Comhardú ar 1 Eanáir 2006 | 53,856 | 105,555 | 159,411 |
| Breiseanna | - | 46,649 | 46,649 |
| **Comhardú ar 31 Nollaig 2006** | **53,856** | **152,204** | **206,060** |
| **Luachlaghdú** | | | |
| Comhardú ar 1 Eanáir 2006 | (30,795) | (28,811) | (59,606) |
| Muirear don bhliain | (10,772) | (15,220) | (25,992) |
| **Comhardú ar 31 Nollaig 2006** | **(41,567)** | **(44,031)** | **(85,598)** |
| **Luach Leabhair Glan** | | | |
| Comhardú ar 1 Eanáir 2006 | **23,061** | **76,745** | **99,805** |
| Comhardú ar 31 Nollaig 2006 | **12,289** | **108,173** | **120,462** |

## 5. CUNTAS CAIPITIL

| | € | € |
|---|---|---|
| **Comhardú ar 1 Eanáir 2006** | | 99,805 |
| Ceannach Sócmhainne Seasta | 46,649 | |
| Amúchadh faoi réir ag Luachlaghdú | (25,992) | |
| Aistriú ó Chuntas Ioncaim agus Caiteachais | | 20,657 |
| **Comhardú ar 31 Nollaig 2006** | | **120,462** |

## 6. ÁITREABH

Tá an chóiríocht atá á áitiú ag Oifig Fhear an Phobail ag 36 Sráid an Mhóta Uachtarach, Baile Átha Cliath 2 léasaithe agus íoctha ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Ní íocann Oifig Fhear an Phobail um Pinsin aon mhuirear maidir leis an gcóiríocht. Ba á €172,500 an caiteachas ar áitreabh a thabhaigh Oifig na nOibreacha Poiblí i 2006 thar cheann Fhear an Phobail um Pinsin.

# Aguisín 7 – Reachtaíocht Rialaithe

Acht na bPinsean 1990

Acht na bPinsean (Leasú), 2002

Acht Leasa Shoisialaigh (Foralacha. Ilghneitheacha), 2003

Ionstraim Reachtúil Uimh. 119 ó 2003

Ionstraim Reachtúil Uimh. 397 ó 2003

Ionstraim Reachtúil Uimh. 398 ó 2003

Ionstraim Reachtúil Uimh. 399 ó 2003

Acht um Aoisliuntas na Seirbhise Poibli. (Foralacha Ilghneitheacha), 2004

Acht Leasa Shoisialaigh (Foralacha. Ilghneitheacha), 2004

Acht um Athchóiriú an Dlí Leasa Shóisialaigh agus um Pinsin, 2006

Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean 2007

Ionstraim Reachtúil Uimh. 181 ó 2007

Ionstraim Reachtúil Uimh. 183 ó 2007

# Aguisín 8 – Foilseacháin na hOifige

- Cad a dhéanann Fear an Phobail um Pinsin?
- Bealaí Oibre le Conspóidí a Réiteach
- Orduithe agus Treoir do Fhreagróirí
- Ráiteas Straitéise 2007 – 2009
- Understanding Pensions – The Friendly Guide to Pensions[3]

Tá gach foilseachán ar fáil saor in aisce ar iarratas ar an Oifig.

3 Is é Paul Kenny mar dhuine príobháideach a scríobh *Understanding Pensions* agus is í an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a d'urraigh an foilseacháin i 2004. Is le Comhairle Phleanála Scoir na hÉireann agus Cumann Cistí Pinsean na hÉireann an chóipcheart.

Pensions
OMBUDSMAN
Fear an Phobail um Pinsin

OIFIG FHEAR AN PHOBAIL UM PINSIN
36 SRÁID AN MHÓTA UACHTARACH
BAILE ÁTHA CLIATH 2
TEILEAFÓN (01) 647 1650
www.pensionsombudsman.ie

Tá an foilseachán seo ar fáil i gcló mór ar iarratas